

RÉAMHRÁ



Cuireann sé an-áthas orm torthaí an chláir mhonatóireachta maidir le hiarmhar lotnaidicídí i mbia arna dhéanamh ag an tSeirbhís Rialaithe Lotnaidicídí (PCS) de chuid na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (DAFF) in 2007 faoi théarmaí conradh seirbhíse le hÚdarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI). Tá sábháilteacht bia thar a bheith tábhachtach do gach a mbaineann an biashlabhra dóibh agus is féidir le tomhaltóirí a bheith cinnte, tríd an gclár monatóireachta maidir le hiarmhar lotnaidicídí, nach gcuirfear iad i mbaol leibhéal do-ghlactha iarmhar lotnaidicídí agus nach n-úsáidtear ar bharráí bia . Déantar samplaí de bhia a anailisiú sa tSaotharlann Rialaithe Lotnaidicídí de chuid DAFF agus atá creidiúnaithe ar chaighdeán ISO 17025 faoi Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (INAB) le haghaidh anailisiú iarmhar áirithe lotnaidicídí i mbia de thionscnamh ainmhíoch nó de thionscnamh plandaí. Leanfar ag cur le stádas creidiúnaithe na saotharlainne chun lotnaidicídí breise agus tráchtarraí bia breise a chlúdach. Soláthraítear sa tuarascáil seo faisnéis mhionsonraithe faoi thorthaí an chláir samplála agus anailise maidir le hiarmhar lotnaidicídí i mbia allmhairithe agus i mbia ón tír seo in 2007.

A handwritten signature in black ink that reads "Trevor Sargent". The signature is written in a cursive style and is positioned above a horizontal line.

Trevor Sargent TD

An tAire Bia agus Gairneoireachta

An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia.

CLÁR

Uimhir Leathanaigh

Réamhrá	i
Liosta de na Fíoracha	(iv)
Liosta de na Táblaí	(iv)
Achoimre	
Eagrú na gClár Monatóireachta agus na Samplála	1
Dearbhú Cáilíochta	2
Rannpháirtíocht i dtástálacha oilteachta	2
Faisnéis eile	2
Réamhrá	3
Cláir Mhonatóireachta	4
A Sampláil Torthaí agus Glasraí	5
B Sampláil Gránach	5
C Sampláil Bia de Thionscnamh Ainmhíoch	5
D Samplaí de Tháirgí Ilghnéitheacha	5
E Nósanna Imeachta Anailíseacha	6
F Dearbhú Cáilíochta	6
Torthaí agus Plé	7
A Torthaí agus glasraí	7
i. Clár monatóireachta gnáthaimh	7
Torthaí agus glasraí orgánacha	9
Torthaí agus glasraí próiseáilte	9
ii. Clár samplála reachtúla /spriocdhírithé	39
B Samplaí de Ghránaigh	41
i. Clár monatóireachta gnáthaimh	41
ii. Clár samplála spriocdhírithé	44
C Bia de Thionscnamh Ainmhíoch	44
i Buaibheach	
Clár monatóireachta gnáthaimh	44
Clár samplála spriocdhírithé	44
ii. Eachaí	
Clár monatóireachta gnáthaimh	45
Clár samplála spriocdhírithé	45
iii. Caorach	
Clár monatóireachta gnáthaimh	45

CLÁR ar leanúint

	Uimhir Leathanaigh
Clár samplála spriocdhírthe	45
iv. Muc	46
Clár monatóireachta gnáthaimh	46
Clár samplála spriocdhírthe	46
v. Éanlaith	
Clár monatóireachta gnáthaimh	46
Clár samplála spriocdhírthe	46
vi. Fiafheoil	
Clár monatóireachta gnáthaimh	46
Clár samplála spriocdhírthe	47
vii. Uibheacha, bainne agus mil	47
Conclúidí	47
D Samplaí Ilghnéitheacha	48
E Táirgí Orgánacha	48
F Táirgí Próiseáilte (Torthaí, glasraí agus Gránaigh)	50
Conclúid	53
A. Réamhrá	53
B. Cláir mhonatóireachta gnáthaimh	53
C. Cláir imscrúdaithe sárúithe	63
D. Focal Scoir	63
Iarscríbhinn I Rialacháin faoina socraítear uasleibhéil d’iarmhar lotnaidicídí i dtáirgí talmhaíochta	65
Iarscríbhinn II Treoracha CE ina socraítear uasleibhéil d’iarmhar lotnaidicídí i dtáirgí talmhaíochta	69
Iarscríbhinn III Gluais na dTearmaí agus liosta de ghiorrúcháin	73
Iarscríbhinn IV Modhanna agus nósanna imeachta anailísithe a úsáideadh d’fhonn cinneadh iarmhair lotnaidicídí in ábhar bia	76
Iarscríbhinn V Lotnaidicídí a cinneadh i dtorthaí, glasraí, gránaigh agus i mil.	77
Iarscríbhinn VI Lotnaidicídí a cinneadh i mbia de thionscnamh ainmhíoch	79
Iarscríbhinn VII Lotnaidicídí a cinneadh i mbainne, uibheacha agus i mil.	80

Liosta de na Fíoracha

		Uimhir Leathanaigh
Fíor 1	Foinse na samplaí gnáthaimh de thorthaí agus glasraí a anailísíodh in 2007	7
Fíor 2	Minicíocht na samplaí nár braitheadh iarmhar iontu nó inar braitheadh iarmhar os cionn an MRL nó faoi in 2007	7
Fíor 3	Minicíocht na lotnaidicídí a fuarthas i samplaí de ghránaigh in 2007	43
Fíor 4	Minicíocht na n-iarmhar a fuarthas i samplaí de bhia ar de thionscnamh ainmhíoch iad in 2007	47
Fíor 5	Minicíocht na lotnaidicídí agus foinse na samplaí a sháraigh na MRLanna in 2007	57

Liosta de na Táblaí

Tábla 1	Achoimre ar na samplaí de thorthaí agus ghlásraí a anailísíodh le haghaidh monatóireacht ghnáthaimh in 2007	10
Tábla 2	Mionsonraí de na samplaí de thorthaí agus ghlásraí a braitheadh in 2007 a raibh iarmhar iontu	12
Tábla 3	Achoimre ar na samplaí spriodhírithé a tógadh in 2007	39
Tábla 4	Mionsonraí de na samplaí spriodhírithé a braitheadh in 2007 a raibh iarmhar iontu	40
Tábla 5	Achoimre ar na samplaí reachtúla torthaí agus glasraí in 2007	41
Tábla 6	Achoimre ar na samplaí de ghránaigh a anailísíodh le haghaidh monatóireacht ghnáthaimh in 2007	41
Tábla 7	Samplaí de ghránaigh ina raibh iarmhar inbhraite in 2007	44
Tábla 8	Achoimre ar na samplaí de bhia ar de thionscnamh ainmhíoch iad a anailísíodh le haghaidh monatóireacht ghnáthaimh in 2007	45
Tábla 9	Iarmhar a braitheadh i samplaí de shaill duáin bhuaibhígh in 2007	45
Tábla 10	Iarmhar a braitheadh i samplaí de shaill duáin eachaí in 2007	45
Tábla 11	Iarmhar a braitheadh i samplaí de shaill duáin chaoraigh in 2007	45
Tábla 12	Iarmhar a braitheadh i samplaí de shaill duáin mhúice in 2007	46
Tábla 13	Iarmhar a braitheadh i samplaí de shaill duáin éanlaithe in 2007	46
Tábla 14	Iarmhar a braitheadh i samplaí de shaill duáin fíafheola in 2007	47
Tábla 15	Achoimre ar shamplaí ilghnéitheacha arna gcur faoi bhráid ag daoine sa phobal	48
Tábla 16	Mionsonraí de shamplaí ilghnéitheacha a raibh iarmhar inbhraite iontu	48
Tábla 17	Achoimre ar shamplaí orgánacha a ndearnadh anailís orthu in 2007	49

Tábla 18	Mionsonraí de na táirgí orgánacha a raibh iarmhar inbhraite iontu	49
Tábla 19	Achoimre ar na samplaí de thorthaí agus glasraí próiseáilte a ndearnadh anailís orthu in 2007 a raibh iarmhar lotnaidicídí iontu	50
Tábla 20	Achoimre ar na samplaí de ghránaigh dár anailísíodh in 2007 a raibh iarmhar lotnaidicídí iontu	51
Tábla 21	Achoimre ar na samplaí próiseáilte a raibh iarmhar lotnaidicídí iontu in 2007	51
Tábla 22	Achoimre ar shamplaí gnáthaimh a raibh iarmhar lotnaidicídí iontu a sháraigh an MRL in 2007	54
Tábla 23	An gaol idir sáruithe MRL agus an ADI agus an ArfD sna samplaí do leanaí agus do dhaoine fásta in Éirinn.	58

ACHOIMRE

Rinneadh anailís le haghaidh iarmhar lotnaidicídí in 2007 i leith 1424 cinn de shamplaí, idir ghnáthamh agus spriocdhírthe, de thorthaí, glasraí, gránaigh agus bia de thionscnamh ainmhíoch (lena n-áirítear idir orgánach agus phróiseáilte). Rinneadh na samplaí a anailísiú le haghaidh 292 analyte (226 cinn de lotnaidicídí, de mheitibilítí agus d'isiméirí).

Maidir leis na samplaí de thorthaí agus ghlasraí sa chlár monatóireachta gnáthaimh, ní raibh aon iarmhar lotnaidicídí inbhraite ann i gcás 41.6% de na samplaí a anailísíodh; i gcás 55.4% díobh, bhí ceann amháin nó níos mó d'iarmhar inbhraite ann agus bhí iarmhar thar MRLanna an CE i gcás 3.6% díobh. Sin i gcomparáid le 2.8% de na samplaí a fuarthas in 2006 a sháraigh na MRLanna agus clár monatóireachta á úsáid a raibh líon níos lú analyte ann (153 cinn de lotnaidicídí agus de mheitibilítí).

Ba iad ethylenebisdithiocarbamates (16.4%); iomasailil (16.3%); tiaibeindeasól (14.1%); ipróidé-ón (9.1%) agus clóraipireafos (8.5%) na cúig lotnaidicíd is minice a braitheadh in 2007 sna samplaí de thorthaí agus ghlasraí a cuardaíodh. Ba iad pírimifos methyl (16.1%) agus malaitian (8.6%) an dá lotnaidicíd is minice a aimsíodh i samplaí de ghránaigh.

Eisíodh dhá fhógra RASFF (Córas Mear-rabhaidh um Bia-ábhair agus Beathú) in 2007 de bharr sárúithe na MRLanna agus measúnuithe priacail: ceann díobh faoi shampla píorraí ina raibh meitimil agus an ceann eile faoi úlla ina raibh cairbeandaisim.

EAGRÚ NA GCLÁR MÓNATÓIREACHTA AGUS NA SAMPLÁLA

Is í an tSeirbhís Rialaithe Lotnaidicídí de chuid na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia a d'fheidhmigh clár monatóireachta 2007 in Éirinn. Comhaontaíodh an clár seo anonn faoi 2006 i ndiaidh plé idir an tSeirbhís Rialaithe Lotnaidicídí agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI) mar chuid de chonradh seirbhíse idir an dá chomhlacht.

Leagadh amach an clár ag cur barainne ar

- sonraí ídithe maidir le daoine fásta in Éirinn (suirbhé 1996-1998 de chuid IUNA (Comhghuaillíocht Cothúcháin Ollscoileanna na hÉireann))
- clár comhordaithe monatóireachta an AE do 2007
- tús áite a thabhairt do thráchtearraí a itear amh m.sh. leitís
- acmhainneacht na saotharlainne an clár a chur i bhfeidhm
- díriú ar shamplaí ar eascair sárúithe MRL astu in 2006
- táirgíocht a bheith ar fáil ar an margadh tráth na samplála.

Tógadh na samplaí de réir Threoir um shampláil 2002/63/EC an AE. Oifigigh ón tSeirbhís Rialaithe Lotnaidicídí a rinne an tsampláil i leith bia de thionscnamh plandaí. Is ag leibhéal an mhórdhíola a thógtar samplaí de ghnáth ach, ar uainibh, is féidir iad a thógáil ag leibhéal an mhiondhíola.

De bharr na sárúithe MRL a braitheadh in 2006, rinneadh anailís ar 15 shampla leanta in 2007, a raibh sárú MRL clóratailinile i gceist le ceann díobh, sampla spionáiste ó Éirinn. Níor bhain aon riosca do thomhaltóirí leis an iarmhar.

De bharr na rabhaidh RASFF in 2007, rinneadh anailís ar 3 shampla de phiorraí agus sampla amháin d'fhíonchaor. Níor braitheadh aon iarmhar sna samplaí seo.

DEARBHÚ CÁILÍOCHTA

Is í Saotharlann Rialaithe Lotnaidicídí de chuid na Roinne Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia an t-aon saotharlann in Éirinn ag tabhairt faoi rialú oifigiúil ar iarmhar lotnaidicídí i mbia de thionscnamh plandaí. Tá creidiúnú ag an tsaotharlann a thagann le caighdeán ISO 17025.

RANPHÁIRTÍOCHT I DTÁSTÁLACHA OILTEACHTA

Ghlac an Rialú Lotnaidicídí páirt i dtástálacha Oilteachta an AE, arna eagrú ag Saotharlanna Tagartha an Chomhphobail (CRL), sna scéimeanna FAPAS um thorthaí, glasraí agus gránaigh agus i réimse na Lotnaidicídí chomh maith. Baintear úsáid as rannpháirtíocht sna tástálacha seo chun a dheimhniú go bhfuil d'acmhainneacht agus d'oilteacht ag an tsaotharlann chun anailís a dhéanamh ar shamplaí bia maidir leis an raon iarmhair lotnaidicídí arna rialú faoin reachtaíocht.

Neamhchinnteacht Anailísithe

Feidhmíonn an tSaotharlann fachtóir neamhchinnteachta maidir le torthaí a úsáidtear chun an reachtaíocht a chur i bhfeidhm. Is é 50% an fachtóir a úsáidtear faoi láthair agus a aontaíodh ag leibhéal an AE agus ina gcuirtear san áireamh dialltaí a tharlaíonn idir na saotharlanna nuair a dhéantar an sampla céanna a anailísiú i saotharlann éagsúla.

FAISNÉIS EILE

I ngach cás inar aimsíodh sárú MRL, rinneadh measúnú riosca, ag úsáid sonraí ídithe d'Éireannaigh idir dhaoine fásta agus leanaí, leis an riosca do thomhaltóirí a chainníochtú.

RÉAMHRÁ

Tá sé mar aidhm ag an gclár monatóireachta d'iarmhar lotnaidicídí i mbia, clár atá ar siúl ag an Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia (DAFF) trína Sheirbhís Rialaithe Lotnaidicídí (PCS) i mBacastún, Co. Chill Dara, cinnte a dhéanamh de nach mbíonn leibhéil do-ghlactha d'iarmhar lotnaidicídí ann do thomhaltóirí. Ina theannta sin, tá sé mar aidhm aige a chinntiú go gcuirfear lotnaidicídí i bhfeidhm i gceart ar bharráí bia agus go mbraithfear úsáid neamhúdaráithe lotnaidicídí.

De réir na socrúithe conartha idir an DAFF agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann (FSAI)¹, tá comhaontú déanta maidir leis an gclár monatóireachta bliantúil atá déanta ag an PCS ón 5 Iúil 1999, agus a tugadh faoi thar ceann Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.

Bíonn sampláil táirgíocht allmhairithe agus intíre i gceist leis an gclár monatóireachta atá bunaithe. Léiríonn cuid anailíseach an chláir mhonatóireachta patrúin úsáide lotnaidicídí in Éirinn agus thar lear. Tá 800 éigin substaint ghníomhacha cláraithe le húsáid i dtáirgí cosanta planda ar fud an domhain, a mbaintear úsáid as idir 300 agus 400 acu go coitianta. Tá líon na substaintí ghníomhacha atá cláraithe le húsáid i dtáirgí cosanta planda laistigh den AE ag titim i gcónaí mar thoradh díreach ar an gclár athbhreithnithe atá á thabhairt faoi de réir cheanglais na Treorach ón gComhairle 91/414/EEC agus táthar ag súil go mbeidh thart ar 350 substaint ghníomhacha mar uaslíon a údarófar le húsáid laistigh den AE in 2008 nuair a bheidh an t-athbhreithniú seo críochnaithe.

Déantar leibhéil iarmhair lotnaidicídí i dtáirgí plandaí agus ainmhithe a rialáil trí Theorainneacha Iarmhair Uasta (MRLanna) a bhunú. Faoi láthair tá MRLanna bunaithe in Éirinn le haghaidh beagnach 200 lotnaidicíd i dtorthaí agus glasraí (lena n-áirítear tae), le haghaidh 170 lotnaidicíd i ngránaigh agus 120 lotnaidicíd i mbia de bhunús ainmhí, rud a thagann le reachtaíocht ábhartha an Aontais Eorpaigh (AE). Glacadh le Rialachán nua 396/2005 chun iarmhar lotnaidicídí i mbia a rialú agus tá sé mar chuspóir faoi MRLanna AE comhoiriúnacha a bhunú do gach lotnaidicíd. Tá an dul chun cinn ar bhunú Iarscríbhinní an Rialacháin seo cineál ar gcúl sa Sceideal agus meastar go mbeidh an Rialachán i bhfeidhm an 1 Meán Fómhair 2008.

I gcás ina dtéitear os cionn na MRLanna, féadfaidh oifigigh na PCS an táirge lena mbaineann a bhaint ón margadh agus é a scriosadh ar chostas an úinéara. Féadfaidh an tAire na ciontóirí a ionchúiseamh chomh maith. Tugtar faoi ríomh ionghabhála cothaithe sna cásanna go léir ina dtéitear os cionn MRL, chun a chinneadh an bhfuil an ionghabháil tar éis dul os cionn na hionghabhála Laethúla Inghlactha (ADI), nó na géardháileoga tagartha (ARfD), nuair is cuí, don lotnaidicíd atá i gceist agus chun a chinneadh cibé an mbaineann riosca léi nó nach mbaineann do thomhaltóirí na hÉireann, idir daoine fásta agus leanaí. Soláthraítear torthaí na luachálacha seo d'Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus déanann an tÚdarás iad a fhíorú go neamhspleách. I gcás ina mbíonn gá leis, féadfaidh an FSAI “Mear-Fholáireamh”² a eisiúint. Eisítear Mear-Fholáireamh nuair a mheastar go ndéanfadh na hiarmhar a bhraitear i mbia dochar don tomhaltóir.

Cuirtear sainmhínte ar na téarmaí éagsúla teicniúla a úsáidtear sa tuarascáil seo ar fáil i ngluais ag deireadh na tuarascála seo (Iarscríbhinn III).

¹ Conradh Seirbhíse idir Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Forbartha Áitiúla dár dáta 18 Nollaig 2002

²Rialachán (AE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002.

CLÁIR MHONATÓIREACHTA

Cuirtear cláir mhonatóireachta ar bun do na trí bhiaghrúpa éagsúla a bhfuil MRLanna bunaithe dóibh, bia de bhunadh planda (lena n-áirítear torthaí agus glasraí), gránaigh agus bia de bhunadh ainmhí (feoil, bainne, mil agus táirgíocht déirí). Tugann oifigigh ón PCS faoin tsampláil a dhéantar ar bhia de bhunadh planda agus gránaigh agus tugann baill ó Chigireachtaí Eolaíochta Déiríochta agus Tréidliachta an DAFF faoin tsampláil a dhéantar ar bhia de bhunadh ainmhí mar a éilítear faoi Threoir AE 96/23.

Glacann an clár monatóireachta don bhliain 2007, ar comhaontaíodh é leis an FSAI, na nithe seo a leanas san áireamh

- i an clár a mholann an Coimisiún Eorpach ³
- ii patrúin ionghabhála cothaithe de thomhaltóirí na hÉireann ⁴,
- iii) próifíl iarmhar na dtráchtearraí mar a bunaiodh ó thorthaí an chláir mhonatóireachta sna blianta roimhe sin,
- iv torthaí ó chláir i mballstáit eile agus ó chlár comhordaithe an AE,
- v sonraí de dhíolacháin lotnaidicídí,
- vi láimhseáil/próiseáil bia roimh a ithe.

Léirigh líon iomlán na samplaí gnáthaimh monatóireachta a ndearnadh anailís orthu, arbh ionann é agus 1424, acmhainn na saotharlainne chun samplaí a cuireadh ar aghaidh in 2007 a phróiseáil agus tagann siad le líon na samplaí a ndearnadh anailís orthu sa dá bhliain roimhe sin d'oibríochtaí ag na saoráidí nua i mBacastún. Úsáideadh acmhainní suntasacha laistigh den tsaotharlann, mar a úsáideadh na blianta roimhe sin, chun córais agus nósanna imeachta a chothabháil chun a thacú le creidiúnú INAB⁵ na saotharlainne a ghnóthú de réir cheanglais na dTreoracha 89/397/CE⁶ agus 93/99/CE⁷ ón gComhairle. Tá creidiúnú ag an tsaotharlann faoi láthair a thagann le caighdeán ISO 17025 chun anailís a dhéanamh ar iarmhar lotnaidicídí i mbia de bhunadh planda agus de bhunadh ainmhí araon, ag úsáid teicníochtaí gás-chrómatagrafaíochta agus leacht-crómatagrafaíochta. Leathnaíodh go mór scóip na dteicníochtaí leacht-crómatagrafaíochta in 2007 tríd an modh anailíse iliarthair a úsáid ag baint feidhme as HPLC/MS/MS (crómatagrafaíocht ard-fheidhmíochta in éineacht le mais-speictriméadracht cheathairpholach triarach). Freastalaíonn an teicníocht seo do líon mór lotnaidicídí a aimsiú go comhuaineach ar ardíogaireacht, teicníocht a úsáidtear anois in ionad HPLC agus DAD (aimsiú eagair dé-oidí) ar ghnáth a úsáid sna blianta roimhe seo chun lotnaidicídí beinsimíodasóil amháin a aimsiú. Úsáideadh freisin an modh eastósctha Q_UeChERS⁸ mar chuid den chlár saotharlainne rud a cheadaíonn níos mó samplaí a eastósc agus a phróiseáil leis an trealamh crómatagrafaíochta i mbaisceanna níos mó. Is é an clár monatóireachta an príomh-mhodh chun a fhíorú go n-úsáidtear táirgí cosanta planda (lotnaidicídí) de réir *Dea-Chleachtais Talmhaíochta*. Tá an clár monatóireachta riachtanach má táthar chun deireadh a chur le mí-úsáid táirgí dlíthiúla agus le húsáid táirgí mídhleathacha. Féadtar mí-úsáid a bhaint as

³ Moladh an Choimisiúin an 3 Aibreán 2007, faoi chlár comhordaithe monatóireachta Comhphobail do 2007 le comhlíonadh a chinntiú le uasleibhéil iarmhar lotnaidicídí ar ghránaigh agus i ngránaigh agus táirgí áirithe eile de bhunadh plandaí (2007/225/EC) IO Uimh. L 96/21 de 11ú Aibreán 2007.

⁴ IUNA, Bunachar Sonraí um Ithe Bia Thuaidh-Theas 2001.

⁵ Bord Náisiúnta Creidiúnaithe na hÉireann

⁶ Treoir ón gComhairle dár dáta 14 Meitheamh 1989 maidir le rialú oifigiúil earraí bia. (89/397/CE) IO Uimh. L 186 an 30.6.1989

⁷ Treoir ón gComhairle dár dáta 29 Deireadh Fómhair 1993 maidir le hábhar bearta breise i leith rialú oifigiúil earraí bia. (93/99/CE) IO Uimh. L 290 an 24.11.1993

⁸ Quechers: Sciobtha Éasca Neamhdhíobhálach Cnagach Éifeachtach Saor. Modh mear ag úsáid eastócadh pas sholadaigh

táirgí údaraithe cosanta planda ar roinnt bealaí éagsúla, m.sh. úsáid rátaí dáileoga iomarcacha, gan aon mheas a léiriú ar na hiostréimhsí a sonraíodh idir an úsáid dheireanach agus fómhar barraí a dhéanamh (.i. eatraimh roimh fhómhar barraí) agus úsáid chun críoch nach bhfuil aon údarás tugtha dóibh (.i. úsáidí mídhleathacha). Nuair a úsáidtear iad de réir an *Dea-Chleachtais Talmhaíochta* ní cóir go mbeidh leibhéal do-ghlactha iarmhair lotnaidicídí sa táirge cóireáilte.

De réir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Substaintí Gníomhacha Áirithe i dTáirgí Cosanta Plandaí a Thoirmeasc) 1981 go dtí 1990, tá cosc ar mhargaíocht a dhéanamh ar tháirgí áirithe cosanta planda agus ar úsáid a bhaint astu mar thoradh ar rioscaí do shláinte daoine nó don chomhshaol a bhaineann lena n-úsáid. Feidhmíonn an clár monatóireachta iarmhair mar tháscaire chomh maith ar leibhéal an chomhlíonta leis na forálacha sin.

A SAMPLÁIL TORTHÁÍ AGUS GLASRAÍ

Bíonn sampláil ghnáthaimh dírithe ar thráchtearraí bia lena mbaineann an tábhacht is mó cothaithe. Glactar samplaí go randamach laistigh de ghrúpaí áirithe tráchtearraí. Déantar idir tháirgíocht intíre agus onnmhairithe a shampláil, go príomha ar an leibhéal mórdhíola. Cinntíonn an cur chuige sin go léiríonn na samplaí a ghlactar na patrúin ídithe agus cuireann sé an deis ar fáil chun gníomhartha a ghlacadh, nuair is gá, roimh dháileadh.

Mar chuid den chlár imscrúdaithe ar shárú, dírithe ar thorthaí agus glasraí de bhunadh sonrach chun aird speisialta a thabhairt orthu, i gcásanna ina bhfuarthas iarmhar ag leibhéal os cionn MRLanna tar éis sampláil ghnáthaimh. Nuair a dhírítear ar tháirge le haghaidh sampláil reachtúil, cibé mar thoradh ar fhaisnéis a bailíodh trí mhonatóireacht ghnáthaimh nó tar éis Foláireamh Bia arna eisiú ag an FSAI nó fógra Mear-Fholáirimh a chuir an Coimisiún Eorpaigh chuig FSAI, déantar an lota sampláilte a fhorghabháil ar feitheamh lena anailíse. Cinneann na torthaí anailíse cineál an ghnímh atá le glacadh i gcónaí maidir leis an táirgíocht fhorghabháilte. I gcás ina léiríonn na torthaí sárú soiléir ar MRL, agus neamhchinnteacht anailíseach 50% á tabhairt san áireamh, D'fhéadfadh go mbainfí an táirgíocht den mhargadh ina dhiaidh sin nó go gcuirfí tús le himeachtaí dlí.

B SAMPLÁIL GRÁNACH

Is le hiarmhar a thagann chun cinn mar thoradh ar úsáid táirgí cosanta planda tar éis fómhar barraí a bhaineann an phríomhcúis inní maidir le gránaigh. Tá an clár reatha samplála do ghránaigh teoranta, ar chúiseanna praiticiúla, do shampláil agus anailís ghráinní a úsáidtear sna tionscail mhuilleoireachta, bhrachaidh agus ghránach bricfeasta. Déanann oifigigh údaraithe den PCS gránaigh agus táirgí gránaigh de bhunadh intíre agus allmhairithe a shampláil ar bhonn randamach, ag an bpointe cóimeála nó stórála.

C SAMPLÁIL BIA DE BHUNADH AINMHÍ

Glactar samplaí randamacha de shail duáin ó fhianna, ó chapail, ó éanlaith, ó chaoirigh, ó mhuca agus ó bheithígh ó roinnt monarchana feola ar fud na tíre. Déantar táirgíocht déirí, uibheacha agus mil a shampláil ag monarchana táirgeachta nó pointí cóimeála. Ní bhaineann na samplaí a ndéantar anailís orthu ach le táirgíocht intíre. Tagann na samplaí feola a ndéantar anailís orthu ó ainmhithe aonair. Is léiriú gach sampla táirgíochta déirí ar choinsíneacht áirithe bhuilc. Tugann oifigigh údaraithe de Chigireachtaí Eolaíochta Déiríochta agus Tréidliachta an DAFF faoin tsampláil ar an táirgíocht feola agus déirí, bianna eile de bhunadh ainmhí agus mil.

D SAMPLAÍ DE THÁIRGÍ ILGHNÉITHEACHA

Faightear samplaí gearáin nó inamhrais ó am go ham le hanailís a dhéanamh orthu ag an DAFF, Seirbhísí eile Stáit, Údaráis Áitiúla, tomhaltóirí agus páirtithe eile leasmhara.

E NÓSANNA IMEACHTA ANAILÍSEACHA

Baineann cineál iliamhar leis na modhanna anailíse a úsáidtear sa chuid is mó de na cásanna, cur chuige a dhéanann éascaíocht don uasmhéid aschuir ón tsaotharlann atá indéanta. Déantar anailís ar shamplaí ag úsáid leacht-chrómatagrafachta agus gás-chrómatagrafachta den chuid is mó. Is é mais-speictriméadracht an príomh-mhodh a úsáidtear chun iarmhar atá ann a aimsiú agus a aithint. I gcásanna áirithe, úsáidtear aimsitheoirí sonracha ar nós aimsiú leictreonghabhála a bhfuil colúin chrómatagrafacha polaraíochta difriúla ann lena chinntiú go bhfuil iarmhar lotnaidicíde ann i samplaí de bhia agus lena n-aimsiú, go háirithe i gcás bia de thionscnamh ainmhíoch mar a mbíonn ardleibhéal fogaireachta ag teastáil.

Anailísíodh na samplaí ina mbaisceanna leis na córais chrómatagrafacha agus cuireadh i gcomparáid iad le tacair chaighdeán grúpáilte atá meaitseáilte ó thaobh mairrise de ar an scóip iliamhair. Déantar cinntí cainníochtúla nuair a aimsítear iarmhar ar leibhéal an LCL (an leibhéal calabrúcháin is ísle) nó os a chionn, sin i gcomparáid le cuarlínte calabrúcháin meaitseáilte ó thaobh mairrise de. Cuirtear tagairtí do na modhanna anailíseacha a úsáidtear ar fáil in Iarscríbhinn IV

F DEARBHÚ CÁILÍOCHTA

Cloítear le nósanna imeachta gnáthaimh um dhearbhú cáilíochta laistigh den tsaotharlann de réir na gceanglas a shonraítear chun creidiúnú i leith an chaighdeán ISO 17025 a chothabháil. Ghlac an tsaotharlann páirt i gcúig staidéar inniúlachta i rith 2007, arna maoiniú ag an gCoimisiún Eorpach, a bhain le torthaí agus glasraí, gránaigh agus samplaí de shaill. Tá ceanglas ar an tSeirbhís Rialaithe Lotnaidicídí páirt a ghlacadh sa staidéar mar an tSeirbhís Tagartha Náisiúnta (NRL) maidir le Lotnaidicídí i dTorthaí agus Glasraí, i mBia de Thionscnamh Ainmhíoch, i nGránaigh agus in Iarmhar Aonair D'eagraigh na ceithre Shaotharlann Tagartha Chomhphobail tástálacha don tSeirbhís Rialaithe Lotnaidicídí (NRL) agus do shaotharlanna oifigiúla monatóireachta maidir le sú talún (PT09), piorra (FV-LC1), ola ráibe (PT AO1) mar aon le dhá staidéar ar ghránaigh (PTC-1 agus SRM2). Seachas toradh amhrasach i gcás azoxystrobin sa sampla gránaigh, b'inghlachta na torthaí arna fáil ag an tSaotharlann Rialaithe Lotnaidicídí ar an staidéar oilteachta seo.

Ina theannta sin ghlac an tsaotharlann páirt i 6 cinn de thástálacha oilteachta (úll, leitís, 2 shampla de phéitseog, fionchaor agus ola glasraí), arna eagrú ag Scéim Measúnaithe Feidhmíochta maidir le hAnailísíú Bia (FAPAS)⁹. B'inghlachta na torthaí i ngach cás, arna fáil ag an tSaotharlann Rialaithe Lotnaidicídí ar an staidéar oilteachta seo.

Rinneadh anailís ar thart ar 292 lotnaidicíd agus meitibilít ar uile na 1030 sampla de thorthaí, de ghlásraí agus de ghránaigh in 2007 agus rinneadh ethylenebisdithiocarbamates (EBDCanna) a aimsiú i líon níos lú de na samplaí (183). Rinneadh anailís ar 63 lotnaidicíde sna 395 sampla de thionscnamh ainmhíoch seachas sna samplaí de mhil mar a cuardaíodh 172 lotnaidicíde agus 7 gcinn de chomhaicmigh dhéfhéinile polaclóirínithe (PCB).

Méadaíodh acmhainn na saotharlainne maidir le hanailís a dhéanamh ar líon níos mó iarmhar lotnaidicíde agus ardú ann ó 153 cinn de lotnaidicídí in 2006 go dtí 292 cinn in 2007 de bharr teicneolaíocht nua a thabhairt isteach agus tuilleadh forbartha ar mhodhanna a chur i gcrích in 2006.

⁹ Is trádmharc cláraithe FAPAS de chuid na Roinne Comhshaoil, Bia agus Gnóthaí Tuaithe sa Ríocht Aontaithe [DEFRA]

TORTHAÍ AGUS PLÉ

In 2007, rinne an tSaotharlann Rialaithe Lotnaidicídí anailís ar 907 samplaí gnáthaimh: 774 cineál éagsúla torthaí agus glasraí, 45 sampla orgánach agus 88 táirgí torthaí agus glasraí próiseáilte le haghaidh iarmhair lotnaidicíde iontu.

Ghlac an tSaotharlann Rialaithe Lotnaidicídí 93 sampla de ghránaigh agus 7 sampla de ghránaigh phróiseáilte agus rinne anailís orthu.

Chomh maith leis an gclár monatóireachta gnáthaimh, rinneadh anailís ar 15 cinn de shamplaí spriocdhírthe, 5 cinn reachtúla agus 3 cinn ghearáin.

Rinneadh anailís ar 394 samplaí de bhia ar de thionscnamh ainmhíoch iad le haghaidh iarmhar lotnaidicíde nó défheinile polaclóirínithe (PCB) iontu.


A TORTHAÍ AGUS GLASRAÍ

i. CLÁR MONATÓIREACHTA GNÁTHAIMH

Tá achoimre ar thorthaí chlár monatóireachta 2007 do thorthaí agus glasraí i dTábla 1 thíos. Léirítear i dTábla 2 sonraí de na samplaí a ndearnadh anailís orthu agus díobh siúd a bhfuarthas iarmhar lotnaidicíde iontu.


Rinneadh anailís le haghaidh ábhar iarmhar lotnaidicíde in 2007 i leith 907 sampla de 67 cineál éagsúla torthaí agus glasraí (triomaithe nó úr) lena n-áirítear 45 cinn de shamplaí orgánacha agus 88 cinn phróiseáilte. Ar na samplaí dár nglacadh, ba ón tír seo 19.5% díobh, allmhairíodh 41.6% díobh ó thíortha eile san AE, b'allmhairíodh 30.0% díobh ó thíortha eile taobh amuigh den AE agus ní fios cá has 8.9% díobh. Is cosúil bunús na samplaí gnáthaimh agus iad a ndearnadh anailís orthu in 2006 (Fíor 1). Rinneadh samplaí a anailísiú le haghaidh 292 lotnaidicíd i rith 2007. Ní raibh aon iarmhar inbhraite ann i gcás 41.0% de na torthaí agus glasraí; bhí iarmhar inbhraite ann faoi leibhéal an MRL i gcás 55.4% díobh agus sháraigh 3.6% MRL an AE.

Fíor 1: Foinse na dTorthaí agus na nGlasraí gnáthaimh a anailísíodh in 2007



As an AE; Nach as an AE; As Éirinn; Nach fios cá has

Fíor 2: Minicíocht na samplaí in 2007 nár braitheadh iarmhar iontu nó inar braitheadh iarmhar os cionn an MRL nó faoi



Nár braitheadh iarmhar iontu; iarmhar < MRL; iarmhar >MRL

Ba sna samplaí de thorthaí agus ghlasraí a aimsíodh 46.0% de na lotnaidicídí sna modhanna scagtha anailíseacha (Iarscríbhinn V). Ba iad na lotnaidicídí is minice a fuarthas in 2007 ná: iomasailil (16.2%), tiaibeindeasól (14.6%) ipróidé-ón (9.1%), clóraipireafos (8.5%), cairbeandaisim (7.0%) défheiniolaimín (6.5%), captan (5.7%) feinheicsimid (5.0%) malaitian (4.2%), próclóras (4.0%), 2,4 D (3.5%), teibeacónasól (2.9%), pírameatanail (2.8%), azoxystrobin (2.7%), fludioxonil (2.5%), thiacloprid (2.5%), chlorothalonil (2.3%), cypermethrin (2.3%), linuron (2.3%) cyprodonil (2.2%) agus próicímeadón (2.1%).

Braitheadh 82 lotnaidicíd eile ar ó 0.1% go 1.9% a minice.

I gcomparáid le 2006 tá ardú suntasach tagtha ar mhínice iomasailil ós rud é gur tosaíodh ar scagadh le haghaidh na comhdhúile seo i lár 2006. Baintear feidhm as iomasailil agus tiaibeindeasól mar fhungaicídí i ndiaidh an fómhara dhéanamh agus is i dtorthaí citris agus póma is coitianta a bhraitear iad.

Ar na hathruithe suntasacha eile ó 2006 tháinig ardú ó 3.9% go 7.0% ar ráta braite beinimile (cairbeandaisim), ó 2.9% go dtí 4.2% i gcás malaitian, agus laghdú 2.8% go dtí 1.0% i gcás própaireagáite. Bhí ardú le haithint freisin sa ráta braite, i gcomparáid le 2006, i gcás Feinheicsimid a fhaightear go rialta i gcíobhaíonna, i bhfionchaora agus i súnna talún, agus i gcás teibeacónasóil a fhaightear go príomha i dtorthaí cloiche agus i nglasraí fréimhe, go háirithe i meacain bhána.

Bhí laghdú ó 2.2% in 2006 go 0.5% in 2007 ar an ráta braite i gcás falpeit, ó 2.1% go 0.4% i gcás carbary agus ó 2.0% go 0.8% i gcás tolafuainid.

Bhí na rátaí braite i gcás lotnaidicídí eile ar nós clóraipireafos, défheiniolaimín agus próclóras an-chosúil lenar braitheadh in 2006. Ar na lotnaidicídí dár cuireadh leis an scagadh in 2007, bhí 2,4 D a braitheadh go príomha i samplaí de thorthaí citris agus a raibh ráta braite 3.5% leis, rud a chuir ar na deich lotnaidicíd is coitianta a braitheadh sa chlár monatóireachta é.

Rinneadh anailís ar 183 sampla de thorthaí agus glasraí don ghrúpa fungaicídí ethylenebisdithiocarbamate ag baint feidhme as modh anailíse aon iarmhair. Aimsíodh go raibh iarmhar CS₂ ann i gcás 16.3% de na samplaí seo.

Ar na 907 sampla de thorthaí agus glasraí a ndearnadh anailís orthu bhí iarmhar dhá lotnaidicíd ann i gcás 364 (40.1%) díobh; bhí iarmhar trí lotnaidicíd ann i gcás 134 (14.8%) díobh; bhí iarmhar ceithre lotnaidicíd ann i gcás 97 (10.7%) díobh; bhí iarmhar cúig lotnaidicíd ann i gcás 75 (8.3%) díobh; bhí iarmhar sé lotnaidicíd ann i gcás 26 (2.9%) díobh; bhí iarmhar seacht lotnaidicíd ann i gcás 5 (0.6%) díobh; bhí iarmhar ocht lotnaidicíd ann i gcás 7 (0.8%) díobh agus iarmhar naoi lotnaidicíd ann i gcás 1 (0.1%) díobh.

Ba shú talún ón tír seo an sampla a raibh na naoi lotnaidicíd ann agus is éard a bhí ann ná bifenthrin, feinheicsimid, ipróidé-ón, mepanipyrim, myclobutanil, pirimicharb, pimeitreasín, pyraclostrobin agus thiacloprid.

Bhí ardú suntasach ó 2006 ar líon na samplaí a raibh níos mó ná aon lotnaidicíd amháin iontu de bharr an réimse mhéadaithe sa scóip anailísithe go príomha. Bhí ardú ó 1.6% in 2006 go 7.3% in 2007, mar shampla, ar líon na samplaí a raibh cúig lotnaidicíd iontu.

Léiríonn na torthaí anailíseacha i leith torthaí agus glasraí nach raibh aon iarmhar lotnaidicíd inbhraite i gcás 39.9% de na samplaí. Bhí iarmhar cainníochtúil ann i gcás 60.1% de na samplaí agus bhí iarmhar ann i gcás 3.6% díobh a sháraigh MRL reachtúla an AE. Ar na 1295 iarmhar a braitheadh sna samplaí gnáthaimh, bhí tiúchan idir 0.01 agus níos lú ná 0.02 mg/kg, i gceist maidir le 219 (16.9%) díobh; bhí 254 (19.6%) díobh idir 0.02 agus níos lú ná 0.05 mg/kg; 243 (18.8%) idir 0.05 agus níos lú ná 0.1 mg/kg; braitheadh 165 (12.7%) díobh idir 0.1 agus 0.2 mg/kg; 138 (10.7%) idir 0.2 agus 0.5 mg/kg; 111 (10.7%) idir 0.5 agus 1 mg/kg. Bhí 165 (8.6%) de na torthaí sa réimse ó 1 go 7.61 mg/kg. I gcás 55.5% de na lotnaidicídí dár braitheadh bhí tiúchan faoi 0.1 mg/kg i gceist maidir leo, rud a léiríonn ardleibhéal chomhlíonadh na dtáirgeoirí agus íogaireacht na dteicnící anailíse arna n-úsáid sa tsaotharlann.

Bhí 3.6% de na samplaí a sháraigh an MRL in 2007. Sin i gcomparáid le cion níos lú 2.9% a sháraigh an MRL in 2006.

Torthaí agus glasraí orgánacha

Rinneadh anailís in 2007 ar 45 sampla de thorthaí agus glasraí arna lipéadú mar shamplaí orgánacha. Bhí 41 de na samplaí seo a bhí saor ó lotnaidicídí ach i gcás ceithre cinn (8.8%) díobh bhí iarmhar lotnaidicídí iontu ag teorainn a ndearbhuithe nó gar di. Léirítear torthaí ar na samplaí orgánacha a ndearnadh anailís orthu i dTábla 17 agus 18.

Mar chuid den chláir monatóireachta, déanann oifigigh shamplála ón PCS sampláil, ar bhonn randamach, in áitribh mhiondíola agus mhórdhíola, de tháirgí orgánacha ar ón tír seo nó ón gcoigríoch iad. Nuair a bhraitear lotnaidicídí i samplaí orgánacha cuirtear na torthaí in iúl don Aonad in DAFF a bhíonn ag plé le feirmeoireacht orgánach.

Torthaí agus glasraí próiseáilte

Rinneadh anailís in 2007, ar 88 éigin sampla de thorthaí agus glasraí próiseáilte mar chuid den chláir monatóireachta. Ba shúnna torthaí nó glasraí iad caoga a trí sampla acu agus ba thorthaí nó glasraí stánaithe iad an chuid eile. Léiríonn na torthaí anailiseacha nach raibh aon iarmhar inbhraite lotnaidicídí i dtromlach na samplaí, 86%. Sa 13.6% de na samplaí a raibh iarmhar inbhraite iontu, bhí an tiúchan ann ag leibhéal a bhí an-íseal ar fad agus 0.2mg/kg ar an luach ab airde. Cuireann na leibhéil ísle sin d'iarmhar lotnaidicídí in iúl nach bhfuil ach aistriú beag iarmhar lotnaidicídí i gceist ó thorthaí nó glasraí amha go dtí an táirge próiseáilte nó nach bhfaigheann torthaí agus glasraí a úsáidtear le haghaidh próiseála an leibhéil céanna cóireála lotnaidicídí sula mbaintear iad. I gcás 12 cinn (13.6%) de na samplaí seo san iomlán aimsíodh go raibh iarmhar d'ocht lotnaidicíd éagsúla inbhraite iontu a raibh réimse tiúchain ó 0.01 mg/kg go 0.2 mg/kg ag baint leo. Deimhníonn na torthaí seo sonraí ó bhlianta eile roimhe seo a léiríonn minicíocht níos ísle agus leibhéal níos ísle d'iarmhar lotnaidicídí i dtáirgí próiseáilte. Léirítear na torthaí i dTáblaí 19 agus 21 thíos.

Tábla 1: Achoimre ar na samplaí de thorthaí agus ghlásraí a anailísíodh le haghaidh monatóireacht ghnáthaimh in 2007

Tráchtearra	Líon samplaí faoi Anailís	Líon na samplaí Éireannacha	Líon na samplaí ón iasacht	Iarmhair		
				>MRL ND	<MRL	
Úill	113	3	110	7	82	24
Sú Úill	14	0	14	0	1	13
Aibreog	5	0	5	0	5	0
Ubhthoradh	8	0	8	0	6	2
Abhacád	10	0	10	0	2	8
Banana	16	0	16	0	10	6
Pónaire i gcochall	5	2	3	0	3	2
Pónaire gan chochall	1	0	1	0	0	1
Sméar Dhubh	2	0	2	0	2	0
Fraochán Gorm	5	0	5	0	1	4
Sú Fhaocháin Ghorma	1	0	1	0	0	1
Brocaílí	9	0	9	2	2	5
Bachlóg bhruiséile	2	0	2	0	1	1
Cabáiste	18	14	4	0	7	11
Cairéad	38	16	22	1	18	19
Cóilis	6	0	6	0	0	6
Soilire	14	0	14	4	4	6
Silín	8	0	8	0	7	1
Pobar Cillí	2	0	2	0	1	1
Cleimintín	32	0	32	1	31	0
Cúirséad	8	0	8	0	3	5
Mónóg	1	0	1	0	0	1
Sú mónóg	4	0	4	0	0	4
Cúcamar	12	1	11	0	8	4
Eindíbh	3	2	1	1	2	0
Finéal	1	0	1	0	1	0
Gairleog	1	0	1	0	0	1
Bliseán Cruinn	1	0	1	0	1	0
Seadóg	13	0	13	1	11	1
Sú Seadóige	4	0	4	0	0	4
Tábla fionchaora	23	0	23	1	14	8
Sú fionchaora	2	0	2	0	0	2
Cál	1	1	0	0	0	1
Ciobhaí	16	0	16	0	14	2
Cumcuat	1	0	1	0	0	1
Cainneann	15	8	7	0	2	13
Líomóid	8	0	8	0	8	0
Leitís	60	44	16	2	40	18

Tráchtearra	Líon samplaí faoi Anailís	Líon na samplaí Éireannacha	Líon na samplaí ón iasacht	Iarmhair		
				>MRL ND	<MRL	
Lioma	6	0	6	0	6	0
Litchi	2	0	2	0	0	2
Lóganchaor	1	0	1	0	1	0
Mandairín	13	0	13	1	11	1
Mangó	10	0	10	1	6	3
Smior	1	0	1	0	1	0
Mealbhacán	4	0	4	0	1	3
Muisiriún	21	19	2	0	10	11
Neachtairín	13	0	13	0	10	3
Oinniún	2	0	2	0	0	2
Oráiste	39	0	39	2	32	5
Sú oráiste	23	0	23	0	6	17
Peirsil	1	1	0	0	0	1
Meacan bán	7	6	1	1	5	1
Páiseog	1	0	1	1	0	0
Piseanna i gcochall	3	0	3	0	1	2
Piseanna gan chochall	25	10	15	0	1	24
Péitseog	17	0	17	0	12	5
Sú péitseog	1	0	1	0	1	0
Piorra	39	0	39	2	28	9
Piobar	20	1	19	1	13	6
Anann	10	0	10	0	3	7
Pluma	15	0	15	0	9	6
Pomegranate	2	0	2	0	2	0
Práta margaidh	50	24	26	0	12	38
Rísíní	2	0	2	0	1	1
Sú craobh	8	0	8	0	1	7
Biabhóg	2	2	0	0	0	2
Roicéad	1	0	1	0	1	0
Satsúma	11	0	11	1	10	0
Scarole	1	0	1	0	1	0
Spionáiste	7	2	5	0	3	4
Oinniún earraigh	2	0	2	0	1	1
Sú talún	29	12	17	2	21	6
Lus na gréine	1	0	1	0	1	0
Práta milis	4	0	4	0	2	2
Tráta	21	2	19	0	12	9
Sú tráta	1	0	1	0	0	1
Tornapa	8	7	1	1	1	6
IOMLÁIN	907	177	730	33	513	361

Tábla 2: Mionsonraí de na samplaí de thorthaí agus ghlasraí a braitheadh in 2007 a raibh iarmhar iontu 2007

Uimhir an tSampla (mg/kg)	An Tír Bhunaidh	Lotnaidicíd a aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	MRL
1. Torthaí	1.1 Torthaí Citris		1.1.1 Seadóg	
70006	IOSRAEL	iomasailil	1.7	5
		tiaibeindeasól	0.69	5
		2,4-D	0.19	1
		clóraipireafos	0.12	0.3
70043	AN CHIPIR	clóraipireafos	0.06	0.3
		iomasailil	1.86	5
		tiaibeindeasól	1.31	5
70137	AN TUIRC	clóraipireafos	0.06	0.3
		meitiodaitiún	0.61	2
		iomasailil	0.17	5
		pyridaben	0.02	Gan MRL
		2,4-D	0.01	1
70203	AN CHIPIR	2,4-D	0.1	1
		iomasailil	2.85	5
		tiaibeindeasól	2.9	5
		clóraipireafos	0.03	0.3
70215	CÚBA	iomasailil	0.31	5
		tiaibeindeasól	1.09	5
70312	AN SPÁINN	iomasailil	0.93	5
70533	IOSRAEL	iomasailil	3.28	5
		tiaibeindeasól	0.98	5
		2,4-D	0.02	1
70619	AN AIRGINTÍN	iomasailil	1.01	5
		tiaibeindeasól	0.3	5
70623	AN AFRAIC THEAS	clóraipireafos	0.02	0.3
		captan	0.13	0.02
		meitiodaitiún	0.34	2
		trifloxystrobin	0.03	0.3
		iomasailil	1.35	5
		pyraclostrobin	0.02	1
70637	IOSRAEL	clóraipireafos	0.05	0.3
		brómaprópláit	0.27	2
		iomasailil	1.94	5
		tiaibeindeasól	0.75	5
70908	HONDÚRAS	tiaibeindeasól	0.77	5
70976	AN TUIRC	clóraipireafos	0.02	0.3
		iomasailil	0.62	5
		tiaibeindeasól	0.26	5
			1.1.2 Líomón	
70087	AN SPÁINN	iomasailil	1.39	5
		próclóras	1.45	10
		fenoxycarb	0.02	Gan MRL
70271	AN SPÁINN	iomasailil	3.12	5
70279	AN SPÁINN	déchófól	0.06	2
		clóraipireafos	0.03	0.2
		tiaibeindeasól	0.02	5
		iomasailil	1.56	5
70307	AN IODÁIL	iomasailil	0.02	5
		grúpa maneb	0.1	5
		défhéinil	0.03	Gan MRL
70450	AN SPÁINN	quizalofop	0.01	Gan MRL
		iomasailil	2.33	5
		tiaibeindeasól	0.06	5

Uimhir an tSampla (mg/kg)	An Tír Bhunaidh	Lotnaidicíd a aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	MRL
		clóraipireafos	0.05	0.2
		próclóras	0.58	10
70529	AN SPÁINN	iomasailil	1.45	5
70550	AN SPÁINN	iomasailil	0.65	5
70617	AN AIRGINTÍN	iomasailil	3.08	5
		tiaibeindeasól	0.69	5
1.1.3 Líoma				
70002	AN BHRASAÍL	iomasailil	0.01	5
		tiaibeindeasól	0.07	5
		oxamyl	0.03	Gan MRL
70046	AN BHRASAÍL	iomasailil	0.81	5
		2,4- D	0.12	1
		próclóras	0.43	10
70133	AN BHRASAÍL	próclóras	0.81	10
		iomasailil	0.89	5
70155	AN BHRASAÍL	próclóras	0.4	10
		2,4-D	0.06	1
		tiaibeindeasól	0.75	5
		iomasailil	0.6	5
70616	AN BHRASAÍL	cairbeandaisim	0.04	0.1
		iomasailil	0.39	5
		próclóras	0.42	10
70882	AN BHRASAÍL	próclóras	0.51	10
		cairbeandaisim	0.02	0.5
		iomasailil	0.74	5
		oxamyl	0.03	Gan MRL
		tiofanáit-meitile	0.01	0.1
		2,4-D	0.02	1
1.1.4 Clemintín				
69990	AN SPÁINN	iomasailil	1.65	5
		tiaibeindeasól	0.83	5
		malaitian	0.11	2
70044	AN SPÁINN	iomasailil	2.23	5
		tiaibeindeasól	1.25	5
70045	AN SPÁINN	clóraipireafos	0.06	2
		tiaibeindeasól	0.24	5
		déchófol	0.17	2
		iomasailil	2.04	5
70060	MARACÓ	clóraipireafos	0.02	2
		malaitian	0.03	2
		cairbeandaisim	0.01	0.1
		iomasailil	0.84	5
		tiaibeindeasól	0.25	5
70088	MARACÓ	tiaibeindeasól	0.74	5
		iomasailil	3.41	5
		clóraipireafos	0.03	2
70105	AN SPÁINN	iomasailil	1.1	5
		tiaibeindeasól	0.28	5
		malaitian	0.04	2
70112	AN SPÁINN	iomasailil	4.12	5
		tiaibeindeasól	3.5	5
		déchófol	0.06	2
		clóraipireafos	0.06	2
70149	AN SPÁINN	tiaibeindeasól	0.02	5
		iomasailil	1.37	5
		clóraipireafos	0.1	2

Uimhir an tSampla (mg/kg)	An Tír Bhunaidh	Lotnaidicíd a aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	MRL
70152	AN SPÁINN	malaitian	0.11	2
		falpeit	0.05	0.1
		feinítriton	0.03	0.01
		clóraipireafos	0.11	2
		malaitian	0.14	2
		2,4-D	0.02	1
		iomasailil	1.85	5
70201	AN SPÁINN	tiaibeindeasól	1.1	5
		hexythiazox	0.01	Gan MRL
		déchófól	0.32	2
70206	AN SPÁINN	clóraipireafos	0.28	2
		clóraipireafos	0.34	2
		2,4-D	0.03	1
		iomasailil	1.8	5
70214	AN SPÁINN	hexythiazox	0.01	Gan MRL
		tiaibeindeasól	1.81	5
		clóraipireafos	0.07	2
		iomasailil	1.64	5
70317	AN ÉIGIPT	tiaibeindeasól	1.6	5
		iomasailil	1.48	5
		tiaibeindeasól	1.42	5
70325	MARACÓ	malaitian	0.11	2
		iomasailil	2.27	5
		tiaibeindeasól	3.35	5
		clóraipireafos	0.03	2
70362	AN SPÁINN	malaitian	0.17	2
		clóraipireafos	0.05	2
		déchófól	0.06	2
		iomasailil	1.12	5
70433	AN AIRGINTÍN	tiaibeindeasól	1.17	5
		iomasailil	1.44	5
		tiaibeindeasól	0.36	5
		próclóras	3.45	10
70568	AN AFRAIC THEAS	malaitian	0.07	2
		meitiodaitiún	0.05	2
		2,4-D	0.12	1
70592	AN AFRAIC THEAS	iomasailil	3.54	5
		tiaibeindeasól	0.03	5
		meitiodaitiún	0.13	2
		2,4-D	0.02	1
70599	URAGUA	iomasailil	0.88	5
		tiaibeindeasól	0.04	5
		feanprópáitín	0.03	Gan MRL
		iomasailil	1.43	5
70624	AN AFRAIC THEAS	próclóras	1.17	10
		iomasailil	0.87	5
70632	AN TSILE	tiaibeindeasól	0.17	5
		clóraipireafos	0.06	2
		déchófól	0.51	2
		iomasailil	1.17	5
70635	AN AFRAIC THEAS	tiaibeindeasól	0.02	5
		meitiodaitiún	0.1	2
		défhéiniolaimín	0.02	0.05
70658	AN AFRAIC THEAS	iomasailil	0.64	5
		iomasailil	2.41	5
		2,4-D	0.01	1
		meitiodaitiún	0.03	2
		teibeacónasól	2.08	Gan MRL

Uimhir an tSampla (mg/kg)	An Tír Bhunaidh	Lotnaidicíd a aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	MRL
70660	AN TSILE	iomasailil	3.16	5
		tiaibeindeasól	0.17	5
		aisionfos-me	0.14	1
		déchófól	1.03	2
70733	AN TSILE	déchófól	1.12	2
		clóraipireafos	0.12	2
		iomasailil	1.69	5
		tiaibeindeasól	0.37	5
70746	AN TSILE	iomasailil	1.19	5
		tiaibeindeasól	0.04	5
70802	AN TSILE	clóraipireafos	0.03	2
		meitiodaitiún	0.09	2
		déchófól	0.65	2
		iomasailil	2	5
70884	AN SPÁINN	tiaibeindeasól	0.02	5
		dé-aisión	0.02	0.02
		clóraipireafos	0.19	2
		malaitian	0.1	2
		fosmeit	0.11	Gan MRL
		déchófól	0.06	2
		iomasailil	1.96	5
70928	AN SPÁINN	iomasailil	0.76	5
		clóraipireafos	0.07	2
		malaitian	0.03	2
		déchófól	0.08	2
		tiaibeindeasól	0.38	5
		malaitian	0.08	2
		clóraipireafos	0.16	2
70977	AN SPÁINN	déchófól	0.09	2
		iomasailil	0.72	5
		clóraipireafos	0.08	2
		iomasailil	1.48	5
70978	AN SPÁINN	tiaibeindeasól	1.24	5
		iomasailil	1.8	5
		clóraipireafos	0.03	2
71019	AN SPÁINN	iomasailil	1.8	5
		clóraipireafos	0.03	2
1.1.5 Mandairín				
70113	AN CHIPIR	iomasailil	5.56	5
		tiaibeindeasól	6.33	5
		brómaprópláit	0.24	2
70231	AN SPÁINN	clóraipireafos	0.04	2
		malaitian	0.02	2
		iomasailil	1.79	5
70266	AN CHIPIR	clóraipireafos	0.03	2
		malaitian	0.02	1
		brómaprópláit	0.66	2
		2,4-D	0.06	1
		iomasailil	0.96	5
		tiaibeindeasól	3.75	2
		iomasailil	3.31	5
70340	MARACÓ	brómaprópláit	0.32	5
		iomasailil	4.78	1
70413	AN CHIPIR	tiaibeindeasól	4.16	5
		2,4-D	0.03	1
		iomasailil	1.97	5
70448	URAGUA	próclóras	0.28	10
		2,4-D	0.04	1
70451	AN AIRGINTÍN	iomasailil	2.04	5

Uimhir an tSampla (mg/kg)	An Tír Bhunaidh	Lotnaidicíd a aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	MRL
		clóraipireafos	0.02	2
		próclóras	2.19	10
		malaitian	0.24	2
70636	URAGUA	próclóras	0.21	10
		iomasailil	1.78	2
70703	PEIRIÚ	iomasailil	1.56	5
		tiaibeindeasól	0.94	5
70722	PEIRIÚ	iomasailil	0.95	5
		pyridaben	0.02	Gan MRL
		tiaibeindeasól	0.03	5
70750	PEIRIÚ	malaitian	0.08	5
		pyriproxyfen	0.08	5
		iomasailil	2.87	5
		tiaibeindeasól	2.45	5
		2,4-D	0.08	1
70795	PEIRIÚ	iomasailil	2.76	5
		pyridaben	0.01	5
		pirimeatanail	0.82	Gan MRL
		tiaibeindeasól	1.73	5
		2,4-D	0.13	1
		malaitian	0.06	2
			1.1.6 Satsúma	
70318	AN AIRGINTÍN	2,4-D	0.02	1
		iomasailil	1.94	5
		tiaibeindeasól	0.76	5
		próclóras	0.92	10
		clóraipireafos	0.04	2
		tetradifon	0.04	Gan MRL
		malaitian	0.08	2
		déchófol	0.14	2
70368	URAGUA	clóraipireafos	0.03	2
		próclóras	0.21	10
		iomasailil	1.75	5
		tiaibeindeasól	0.04	5
70429	AN AIRGINTÍN	iomasailil	2.45	5
		2,4-D	0.07	1
		próclóras	0.95	10
		malaitian	0.18	2
70449	AN AFRAIC THEAS	2,4-D	0.04	1
		iomasailil	0.79	5
		malaitian	0.03	2
		tiaibeindeasól	0.28	5
70488	AN AFRAIC THEAS	meitiodaitiún	0.05	2
		iomasailil	1.59	5
70510	AN AFRAIC THEAS	meitiodaitiún	0.05	2
		défhéiniolaimín	0.12	0.05
		iomasailil	0.89	5
		2,4-D	0.03	1
70527	URAGUA	próclóras	0.36	10
		iomasailil	3.64	5
		tiaibeindeasól	0.01	5
70528	PEIRIÚ	iomasailil	2.82	5
		pirimeatanail	0.82	Gan MRL
		tiaibeindeasól	1.47	5
		2,4-D	0.05	1
70867	AN SPÁINN	buprofezin	0.05	Gan MRL
		clóraipireafos	0.09	2

Uimhir an tSampla (mg/kg)	An Tír Bhunaidh	Lotnaidicíd a aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	MRL
70881	AN SPÁINN	malaitian	0.24	2
		iomasailil	0.86	5
		pyriproxyfen	0.02	Gan MRL
		clóraipireafos	0.07	2
		iomasailil	1.02	5
70994	AN SPÁINN	cairbeandaisim	0.01	0.5
		clóraipireafos	0.02	2
		déchófól	0.06	2
		malaitian	0.11	2
		iomasailil	0.44	5
		tiaibeindeasól	0.04	5
1.1.7 Oráiste				
69995	AN SPÁINN	cairbeandaisim	0.01	0.1
		iomasailil	1.59	5
		tiaibeindeasól	0.01	5
		clóraipireafos	0.19	0.3
70004	AN SPÁINN	iomasailil	0.75	5
		clóraipireafos	0.05	0.3
70008	MARACÓ	iomasailil	1.24	5
		tiaibeindeasól	0.04	5
70111	AN ÉIGIPT	tiaibeindeasól	2.63	5
70114	AN ÉIGIPT	tiaibeindeasól	3.72	5
70134	AN SPÁINN	malaitian	0.14	2
		clóraipireafos	0.08	0.3
70136	AN ÉIGIPT	iomasailil	0.67	5
		pirimifos-me	0.04	1
		iomasailil	0.81	5
70183	AN SPÁINN	tiaibeindeasól	0.61	5
		malaitian	0.2	2
		clóraipireafos	0.02	0.3
70202	AN SPÁINN	cairbeandaisim	0.14	0.1
		iomasailil	2.44	5
		tiaibeindeasól	1.57	5
70216	AN SPÁINN	malaitian	0.05	2
		pirimifos-me	0.04	1
		clóraipireafos	0.05	0.3
		iomasailil	1.06	5
70229	IOSRAEL	imidacloprid	0.02	Gan MRL
		iomasailil	1.95	5
70265	AN SPÁINN	tiaibeindeasól	0.42	5
		clóraipireafos	0.03	0.3
		grúpa maneb	0.02	5
		iomasailil	1.84	5
70269	IOSRAEL	tiaibeindeasól	2.02	5
		2,4-D	0.08	1
I gcás 4 (3.6 %) shampla bhuaibheacha, bhí iarmhar de na lotnaidicídí orgánaclóirín DDT ann (i riocht meitibilíte DDE) agus de dhídrin agus leibhéil ann ó 0.005 go 0.007 mg/kg. Meastar gur mar gheall ar leibhéil chúlracha san ithir de thoradh seanúsáid nó gur de bharr rianleibhéal díobh a thógáil i mbia a fhaightear na hiarmhar seo. Aimsíodh go raibh iarmhar de na lotnaidicídí orgánaclóirín ann i gcás 3.5% de na samplaí buaibheacha in 2006.

Clár samplála spriocdhírthe

Ní dhearnadh aon sampláil ar shail bhuaibheach in 2007 de bhrí nár tharla aon sárú MRL i samplaí buaibheacha in 2006.

Tábla 9: Iarmhar a braitheadh i samplaí de shail duáin bhuaibhig in 2007

Uimhir an tSampla	An Tír Bhunaidh	Iarmhar a Aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	MRL (mg/kg)
79054	ÉIRE	pp'-DDT	0.005	1
79106	ÉIRE	pp'-DDT	0.005	1
79152	ÉIRE	Dieldrin	0.007	0.2
79152	ÉIRE	Dieldrin	0.035	0.2

ii. Eachaí**Clár Monatóireachta Gnáthaimh**

Bhí iarmhar de DDT (i riocht pp'-DDE) ar leibhéal 0.009 mg/kg ann i gcás 1 sampla eachaí den 8 gcinn a ndearnadh anailís orthu.

Clár samplála spriocdhírthe

Ní dhearnadh aon sampláil spriocdhírthe in 2007 de bhrí nár braitheadh aon iarmhar níos mó ná MRL in 2006.

Tábla 10: Iarmhar a braitheadh i samplaí de shail duáin eachaí in 2007

Uimhir an tSampla	An Tír Bhunaidh	Iarmhar a Aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	MRL (mg/kg)
79209	ÉIRE	pp'-DDT	0.009	1

iii. Caorach**Clár Monatóireachta Gnáthaimh**

Bhí iarmhar de HCB, de dhildrin, de mheitibilítí DDT agus PCB153 ann i gcás 8.2% de na samplaí caorach, 7 as 85, a raibh réimse tíuchain ó 0.005 mg/kg go 0.012 mg/kg ag baint leo. Bhí iarmhar dé-aisiónn ann in aon sampla amháin, ní a údaráití le haghaidh dipeáil caorach agus nár sháraigh an MRL. Braitheadh leibhéal íseal comhaicmeach PCB 153 i sampla caorach. Níor measadh é seo a bheith suntasach ós nach raibh an gnáthbhraisle comhaicmeach PCB in éineacht leis a mbeadh de dhíth mar chomhartha éillithe alaclóir nó dé-ocsaine a bheith ann. Is lú an % samplaí a mbraitheadh iarmhar iontu ná an leibhéal a braitheadh in 2006 (9.7%).

Clár samplála spriocdhírthe

Ní dhearnadh aon sampláil spriocdhírthe in 2007 de bhrí nár braitheadh aon sárú MRL in 2006.

Tábla 11: Iarmhar a braitheadh i samplaí de shail duáin chaoraigh in 2007

Uimhir an tSampla	An Tír Bhunaidh	Iarmhar a Aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	MRL (mg/kg)
67970	ÉIRE	HCB	0.005	0.2
67974	ÉIRE	Dieldrin	0.007	0.2
79001	ÉIRE	pp'-DDT	0.005	1

79057	ÉIRE	HCB	0.006	0.2
79140	ÉIRE	PCB 153	0.012	Gan MRL
79199	ÉIRE	Dé- aisionón	0.6	0.7
79332	ÉIRE	Dieldrin	0.006	0.2

iv. Muc

Clár Monatóireachta Gnáthaimh

Bhí iarmhar de DDT (i riocht pp'-DDE) agus de liondán ann ó 0.005 mg/kg go 0.012 mg/kg i gcás 9.5% de na samplaí muice, 7 as 74, a ndearnadh anailís orthu. Sin i gcomparáid le 2006 agus le 2005 ina raibh iarmhar 4.8% agus 4.3% de na samplaí faoi seach. B'airde na leibhéil DDT sna samplaí muice i gcomparáid leis na hainmhithe eile.

Clár samplála spriocdhírthe

Ní dhearnadh aon sampláil spriocdhírthe in 2007.

Tábla 12: iarmhar a braitheadh i samplaí de shail duáin mhuc in 2007

Uimhir an tSampla	An Tír Bhunaidh	Iarmhar a Aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	MRL (mg/kg)
79078	ÉIRE	Liondán	0.006	0.02
79097	ÉIRE	Liondán	0.005	0.02
79185	ÉIRE	pp'-DDT	0.005	1
79272	ÉIRE	Liondán	0.006	0.02
79278	ÉIRE	pp'-DDT	0.007	1
79283	ÉIRE	pp'-DDT	0.06	1
	ÉIRE	pp'-DDE	0.03	1
79284	ÉIRE	pp'-DDE	0.01	1
		pp'-DDT	0.05	1

v. Éanlaith

Clár Monatóireachta Gnáthaimh

Bhí iarmhar de DDT (i riocht pp'-DDE) ann i gcás 4.3 de na sampla éanlaithe, 1 as 23. Sin i gcomparáid le 8.7%, an leibhéal ar braitheadh iarmhar inbhraite iontu in 2006.

Clár samplála spriocdhírthe

Ní dhearnadh aon sampláil spriocdhírthe in 2007 de bhrí nár tharla aon sárú MRL in 2006.

Tábla 13: Iarmhar a braitheadh i samplaí de shail duáin éanlaithe in 2007

Uimhir an tSampla	An Tír Bhunaidh	Iarmhar a Aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	MRL (mg/kg)
79326	ÉIRE	pp'-DDE	0.006	1

vi. Fiafheoil**Clár Monatóireachta Gnáthaimh**

Bhí iarmhar de cheachtar de líondán nó de DDT (i riocht pp'-DDE) ann ar luachanna 0.005 go 0.017 mg/kg. i gcás 6 cinn de na 12 shampla fiafheola.

Clár samplála spriocdhírthe.

Níor braithheadh aon iarmhar dár anailísíodh in 2006. Ní dhearnadh aon sampláil spriocdhírthe in 2007.

Tábla 14: Iarmhair a braithheadh i samplaí de shail duáin fiafheola in 2007

Uimhir an tSampla	An Tír Bhunaídh	Iarmhar a Aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	MRL (mg/kg)
79034	ÉIRE	Líondán	0.005	0.01
79130	ÉIRE	pp'-DDE	0.006	1
79131	ÉIRE	pp'-DDE	0.007	1
79132	ÉIRE	pp'-DDE	0.008	1
79133	ÉIRE	pp'-DDE	0.017	1
79134	ÉIRE	pp'-DDE	0.008	1

vii. Uibheacha, Bainne agus Mil

Níor braithheadh aon iarmhar sna samplaí uibheacha, bainne nó mil. Tá sé seo ag teacht le torthaí an chláir mhonatóireachta i mblianta eile roimhe sin. Ní dhearnadh aon sampláil spriocdhírthe de na táirgí seo in 2007.


Conclúidí

Bhí iarmhar ann ar 0.005 go 0.017 mg/kg i gcás 26 cinn (6.6%) de na 394 sampla de bhia ar de thionscnamh ainmhíoch é. Ba é an leibhéal de dhé-aisión i sampla de shail chaorach an leibhéal is airde dár braithheadh.

Bhí luachanna 0.005 ó 0.17 mg/kg ann ar na lotnaidicídí orgánaclóirín marthanacha.

I gcás na 26 sampla de bhia ar de thionscnamh ainmhíoch iad ina raibh iarmhar ba é DDT (i riocht a mheitibilíte), díldrín agus líondán na hiarmhar is coitianta iontu.

Fíor 4: Minicíocht na n-iarmhar a fuarthas i samplaí de bhia ar de thionscnamh ainmhíoch iad in 2007



D SAMPLAÍ ILGHNÉITHEACHA

Cuireadh ceithre shampla faoi bhráid de bharr tomhailtóirí a bheith buartha go raibh leibhéil dho-ghlactha d'iarmhar lotnaidicídí iontu. Bhí dhá lotnaidicíd ann ar an teorainn cainníochtaithe i sampla de chaora goji agus ní raibh aon iarmhar ann sna trí shampla eile. I ngach cás, cuireadh na torthaí in iúl do na daoine a chuir an sampla faoi bhráid agus ní raibh aon ghníomh breise de dhíth.

Tábla 15: Achoimre ar shamplaí ilghnéitheacha arna gcur faoi bhráid ag daoine sa phobal

Tráchtearra	Líon Samplaí a Anailísíodh	Líon Samplaí Baile	Líon Samplaí Allmhairithe	Iarmhair		
				>MRL	<MRL	ND
Ae mairt	1	1	0	0	0	1
Cóilis	1	1	0	0	0	1
Eorna	1	0	1	0	0	1
Caor Goji	1	0	1	0	1	0
Iomlán	4	2	2	0	1	3

Tábla 16: Mionsonraí de shamplaí ilghnéitheacha a raibh iarmhar inbhraite iontu

Uimh. An tSampla	Tír	Lotnaidicíd a braitheadh	Iarmhar (mg/kg)	MRL (mg/kg)
70425	Glasraí torthaithe TIBET	lambda cyhalothrin	0.02	0.02
		acetamiprid	0.02	Gan MRL

E TÁIRGÍ ORGÁNACHA

Rinneadh anailís le haghaidh iarmhar lotnaidicídí in 2007 ar 45 sampla de thorthaí agus glasraí arna lipéadú mar shamplaí orgánacha. B'as an tír seo trí cinn de na samplaí; tógadh 19 cinn díobh ó tháirgí arbh as an AE iad agus tógadh an chuid eile ó tháirgí a tháinig ón taobh amuigh den AE.

Bhí 41 cinn de na 45 cinn a ndearnadh anailís orthu saor ó lotnaidicídí ach bhí ceithre cinn (8.9%), trí cinn díobh ón taobh amuigh den AE agus ceann amháin ón Ríocht Aontaithe a raibh iarmhar lotnaidicídí iontu. B'fheabhas é seo i gcomparáid leis an bhliain 2006 ina bhfuarthas lotnaidicídí i 16.3% de na samplaí arna lipéadú mar shamplaí orgánacha. Tuigtear ós na hiarmhar lotnaidicíde a bheith ann gur úsáideadh táirgí cosanta plandaí de chineál éigin go luath i dtimthriall fáis na mbairr seo, sin nó gur éillíodh na samplaí le lotnaidicídí ar chaoi éigin. Is comhartha é d'éilliú an ithear a úsáidtear san fheirmeoireacht orgánach pp'-DDE, meitibilít de chuid DDT, a bheith ann i sampla de mheacan bán. I gcás ar bith, ní bhaineann aon riosca do thomhaltóirí leis na torthaí agus na glasraí seo de bharr na hábhair iarmhar a fuarthas, má tá míchinnteacht i gceist féin faoi na córais táirgíochta arna n-úsáid. Léirítear mionsonraí thorthaí na samplaí orgánacha a ndearnadh anailís orthu i dTábla 17 agus 18. **Seoladh na torthaí ar aghaidh chuig an Aonad den Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia a bhfuil freagracht orthu as táirgí orgánacha a rialú. Níl aon cheist faoin toradh i ndáil le Spinosad a/b a braithheadh i sampla de shú talún as na Stáit Aontaithe agus é cláraithe le haghaidh a úsáide ar tháirgí orgánacha.**

Tábla 17: Achoimre ar shamplaí orgánacha a ndearnadh anailís orthu in 2007

Tráchtearra	An Líon samplaí a anailísíodh	Líon samplaí Baile	Líon samplaí allmhairith	Iarmhair		
				>MRL	<MRL	ND
Úll	9	0	9	0	1	8
Abhacád	2	0	2	0	0	2
Banana	4	0	4	0	0	4
Fraochán Gorm	1	0	1	0	0	1
Brocaílí	1	0	1	0	0	1
Cairéad	3	1	2	0	0	3
Soilire	3	0	3	0	0	3
Cuirseád	2	0	2	0	0	2
Cúcamar	1	0	1	0	0	1
Seadóóg	1	0	1	0	0	1
Ciobhaí	2	0	2	0	0	2
Cainneann	2	0	2	0	0	2
Leitís	2	2	0	0	0	2
Muisiriún	1	0	1	0	1	0
Oráiste	3	0	3	0	0	3
Meacan Bán	1	0	1	0	1	0
Piorra	1	0	1	0	0	1
Piobar	2	0	2	0	0	2
Spionáiste	1	0	1	0	0	1
Sú talún	1	0	1	0	1	0
Tráta	2	0	2	0	0	2
Iomláin	45	3	42	0	4	41

Tábla 18: Mionsonraí de na táirgí orgánacha ina raibh iarmhar inbhraite iontu

Uimhir an tSampla	An Tír Bhunaidh	Iarmhair a Aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	MRL (mg/kg)
	Torthaí Pome		Úll	
70708	AN NUA SHÉALAINN	grúpa maneb	0.06	3
	Caora		Sútha Talún	
70458	NA STÁIT AONTAITHE	spinosad a/b	0.07	Gan MRL
	Tiúbar Fréimhe		Meacan Bán	
70569	IOSRAEL	pp'-DDE	0.02	0.05
	Fungi		Muisiriún	
70594	AN RÍOCHT AONTAITHE	cairbeandai sim próclóras	0.01 0.07	0.1 2

F TÁIRGÍ PRÓISEÁILTE (TORTHAÍ, GLASRAÍ AGUS GRÁNAIGH)

Rinneadh anailís le haghaidh iarmhar lotnaidicídí in 2007 ar 95 sampla (88 cinn de thorthaí agus glasraí agus 7 gcinn de ghránaigh). Tá achoimre ar na trachtarraí a ndearnadh anailís orthu i dTábla 19 mar aon le bunús na samplaí agus cóimheas idir na hiarmhar a braitheadh agus an MRL. Is ionann na leibhéil do na MRLanna agus do na trachtarraí amha. Féadfaí toisc phróiseála a chur i bhfeidhm maidir leis na MRLanna seo sa chás go mbraithfear aon sárú ar MRL.

Tábla 19: Achoimre ar na samplaí de thorthaí agus glasraí próiseáilte a ndearnadh anailís orthu in 2007

Trachtarra Próiseáilte	An Líon samplaí a anailísíodh	Líon samplaí Baile	Líon samplaí allmhairithe	Iarmhair		
				>MRL	<MRL	ND
Úll	1	0	1	0	0	1
Sú Úill	14	0	14	0	1	13
Banana	2	0	2	0	1	1
Pónaire gan chochall	1	0	1	0	0	1
Sú fraochán gorm	1	0	1	0	0	1
Silín	2	0	2	0	1	1
Sú Monóige	4	0	4	0	0	4
Sú seagdóige	2	0	2	0	0	2
Sú seadóige	4	0	4	0	0	4
Mandairín	1	0	1	0	0	1
Sú oráiste	23	0	23	0	6	17
Péitseog	3	0	3	0	0	3

Sú péitseoirge	1	0	1	0	1	0
Piorra	2	0	2	0	0	2
Piseanna gan chochall	13	0	13	0	0	13
Anann	3	0	3	0	0	3
Sú anainn	3	0	3	0	0	3
Pluma	2	0	2	0	1	1
Rísíní	2	0	2	0	1	1
Sú craobh	1	0	1	0	0	1
Sú talún	2	0	2	0	0	2
Sú trátaí	1	0	1	0	0	1
IOMLÁIN	88	0	88	0	12	76

Tábla 20: Achoimre ar na samplaí de ghránaigh a anailísíodh in 2007 a raibh iarmhar lotnaidicídí iontu

Tráchtearra Próiseáilte	An Líon samplaí a anailísíodh	Líon samplaí Baile	Líon samplaí allmhairithe	Iarmhar	
				>MRL ND	<MRL
Calóga Eorna	1	0	1	0	0
Calóga Arbhair	1	0	1	0	0
Bran Coirce	1	1	0	0	0
Calóga Coirce	1	1	0	0	0
Grán Rósta	1	0	1	0	0
Calóga Cruithneachta	2	2	0	0	0
IOMLÁIN	7	4	3	0	0

Tábla 21: Achoimre ar na samplaí próiseáilte a raibh iarmhar lotnaidicídí iontu in 2007

Uimhir an tSampla	An Tír Bhunaidh	Iarmhair a Aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	MRL (mg/kg)
	Citreas	Sú Oráiste		
70463	NÍ FIOS	cairbeandaisim	0.01	0.5
70107	NÍ FIOS	maneb	0.11	5
70775	NÍ FIOS	iomasailil	0.02	5
70894	NÍ FIOS	tiaibeindeasól	0.04	5
		iomasailil	0.06	5
70897	NÍ FIOS	cairbeandaisim	0.03	0.5
		iomasailil	0.04	5
70950	NÍ FIOS	iomasailil	0.02	5

70895	Pome NÍ FIOS	Sú úill cairbeandaisim	0.08	0.2
70891	Toradh cloiche NÍ FIOS	Sú péitseoirge cairbeandaisim Silín	0.01	0.1
71010	NÍ FIOS	Pluma ipróidé-ón	0.09	3
70993	Ighnéitheach NÍ FIOS	Banana azoxystrobin iomasailil	0.22 0.04	2 2
70874	Caora NA STÁIT AONTAITHE	Rísíní própairgít	0.02	Gan MRL

Bhí iarmhar inbhraite de lotnaidicídí ann i gcás 12 cheann (12,6%) de na 95 sampla de thorthaí agus glasraí próiseáilte a ndearnadh anailís orthu agus is airde an ráta sin ná mar a fuarthas in 2006 mar a raibh iarmhar inbhraite ann i 7.6% de na samplaí próiseáilte. D'fhéadfaí gur de bharr méadú sa scóip anailísithe agus in íogaireacht an trealaimh gurb amhlaidh atá sé. Bhí na léibhéil ó 0.01 go 0.22 mg/kg a fuarthas i bhfad níos ísle ná mar a fuarthas i gcás na dtráchtearraí próiseáilte.

Rinneadh anailís le haghaidh iarmhar lotnaidicídí ar 7 sampla de ghránaigh phróiseáilte; ní raibh aon iarmhar inbhraite ann in aon cheann acu.

Léiríonn na torthaí seo go bhfuil ráta íslithe de tháirgí cosanta plandaí á chur ar na torthaí agus glasraí atá ceaptha le haghaidh próiseála i gcomparaid leo siúd a dhíoltar go díreach le tomhaltóirí, sin nó go mbíonn íslíú ar leibhéal na lotnaidicídí i dtáirgearraí de bharr próiseála. Ba iad Iomasailil agus Cairbeandaisim na hiarmhar lotnaidicídí is coitianta dá bhfuarthas i dtorthaí próiseáilte agus ba sna samplaí sú oráiste a ndearnadh anailís orthu ab airde an ráta tarluithe.

CONCLUÍD

A RÉAMHRÁ

Léirítear le meastóireacht ar na sonraí monatóireacht maidir leis an mbliain 2007, lena mbaineann anailís ar 1401 gnáthshampla, 15 spriocshampla, 5 shampla reachtúil agus 4 shampla gearáin, go raibh 50% de na gnáthshamplaí nach raibh aon iarmhair lotnaidicídí le brath orthu. Is i dtorthaí agus i nglasraí, seachas i mbia de bhunadh ainmhithe, is minice a thángthas ar iarmhair. I ndáil le torthaí agus glasraí, bhí 42% de na samplaí a cuireadh faoi anailís nach raibh aon iarmhair lotnaidicídí le brath iontu, iarmhair amháin nó níos mó le brath ar 55.4% agus 3.6% de na samplaí a raibh iarmhair le brath iontu ar léibhéil ab airde ná MRL an AE. I gcás na samplaí a raibh iarmhair lotnaidicídí le brath iontu, bhí 55.5% den ábhar iarmhaire ar dhlús ba lú ná 0.1 mg/kg, figiúr a léiríonn ardleibhéal comhlíonta i measc táirgeoirí maidir leis na modhanna oibre talmhaíochta a mholtar i ndáil le táirgí cosanta plandaí.

Sa chás go sáraítear MRL maidir le sampla ar bith, ní a thabharfadh le fios nach mar is ceart a baineadh úsáid as táirgí cosanta plandaí nó gur baineadh úsáid neamhúdaraíthe astu, déantar meastóireacht ar an mbaol a bhainfeadh don tomhaltóir le hionghabháil de réir an tsampla. Agus an tionchar á mheas a bheadh ar an tomhaltóir ar a nochtadh d'iarmhair lotnaidicídí tríd an aiste bia, is ceart an éifeacht a bhainfeadh le nochtadh ainsealach agus le géarnochtadh araon a thabhairt san áireamh. D'fhonn an éifeacht a bhainfeadh le nochtadh ainsealach a mheas, ní mór leibhéal an nochta i rith an tsaoil ar fad agus an éifeacht is dócha a bheadh ag nochtadh den sórt sin ar an tsláinte a thabhairt san áireamh. Tá na teicnící is gá do mheasúnú den sórt sin dea-fhorbartha agus baineann breithniú leo ar na meánleibhéil nochta is dócha a bheadh ann i bhfianaise na hionghabhála laethúla inghlactha (ADO) atá leagtha síos do lotnaidicídí áirithe faoi seach.

Tugtar san áireamh leis na luachanna ADI, ar tomhas iad ar an uasleibhéal ionghabhála i rith an tsaoil a meastar nach dtarlódh aon éifeacht díobhálach tocsaineolaíochta uaidh, fachtóir sábháilteachta d'fhonn cinntiú go mbíonn cosaint ann don aosach, don naíonán agus don leanbh agus don té a bhfuil a chuid córas faoi strus de bharr breoiteachta.

D'fhonn an éifeacht a bhainfeadh le géarnochtadh a mheas, ní mór na leibhéil nochta is airde ba dhócha in aon lá amháin (nochtadh den 97.5^ú peircintíl) agus an éifeacht a bheadh ag nochtadh den sórt sin ar an tsláinte a thabhairt faoi mheas. I gcás tráchtearraí a bhfuil méid ag baint le gach aonad díobh (*e.g.* mealbhacáin) nó aonaid leathmhóra (*e.g.* torthaí ciotrais agus torthaí póma), is gá athraitheachtas na n-iarmhar in aonaid ar leith den tráchtearra a thabhairt san áireamh. Agus éifeacht ghéarnochtadh á mheasúnú, ní mór an leibhéal nochta a thabhairt san áireamh i ndáil le luach na Géar-Dháileoige Tagartha (ARfD) atá leagtha síos do lotnaidicídí éagsúla faoi seach. Tugtar san áireamh leis na luachanna ARfD, ar tomhas iad ar an uasleibhéal ionghabhála i rith aon lá amháin a meastar nach dtarlódh aon éifeacht díobhálach tocsaineolaíochta uaidh, fachtóir sábháilteachta d'fhonn cinntiú go mbíonn cosaint ann don aosach, don naíonán agus don leanbh agus don té a bhfuil a chuid córas faoi strus de bharr breoiteachta. Níl luachanna ARfD leagtha síos i ndáil leis na lotnaidicídí ar fad ó tharla nach léir géarthocsaineacht ag baint le gach ceann acu.

I rith na bliana 2007, bhí 33 gnáthshampla torthaí agus glasraí a bhfuarthas iarmhair lotnaidicídí orthu ar leibhéal ab airde ná MRL. Bhí 6 cinn de shamplaí (3.4%) as Éirinn, 16 sampla (4.2%) a mb'as tíortha eile de chuid an AE a tháinig siad ar dtús agus 11 sampla (4.0%) a cuireadh ag fás i dtíortha taobh amuigh den AE a raibh iarmhair ar leibhéal níos airde ná MRL ag baint leo.

Tábla 22: Achoimre ar shampaí gnáthaimh a raibh iarmhair lotnaidicídí iontú a sháraigh an MRL in 2007

Tráchtearra	Uimhir an tSampla	An Tír Bhunaidh	Iarmhar a aimsíodh	Iarmhar (mg/kg)	MRL (mg/kg)
Úll	69997	An Iodáil	Próicimeadón	0.22	0.02*
Úll	70040	An Fhrainc	Cairbeandaisim	0.37	0.2
Úll	70583	An Ríocht Aontaithe	Cairbeandaisim	2.26	0.2
Úll	70649	An Ríocht Aontaithe	Cairbeandaisim	0.45	0.2
Úll	70682	An Ríocht Aontaithe	Cairbeandaisim	0.57	0.2
Úll	70731	An Fhrainc	Feinítriton	0.03	0.01*
Úll	70794	An tSile	Cairbeandaisim	0.55	0.2
Brocaílí	70247	Guatamala	Démheitiáit	0.04	0.02*
			óimeatóait	0.03	0.02*
Brocaílí	70275	An Spáinn	Carbairil	0.06	0.05*
Cairéad	70498	An Spáinn	Eitíain	0.04	0.01*
Soiléire	70097	An Spáinn	Thiophanate methyl	0.3	0.1*
Soiléire	70196	An Spáinn	Feinítriton	0.05	0.01*
Soiléire	70252	An Spáinn	Feinítriton	0.05	0.01*
Soiléire	70144	An Spáinn	Feinítriton	0.04	0.01*
Cleimintín	70152	An Spáinn	Feinítriton	0.03	0.01*
Eindíbh	70437	Éire	Deiltimetrin	0.57	0.5
Seadóg	70623	An Afraic Theas	Captan	0.13	0.02*
Leitís	70016	Éire	Próipisimíd	2.32	1
Leitís	70219	Éire	Oxydemeton methyl	0.17	0.05
Mandairín	70113	An Chipir	Tiaibeindeasól	6.33	5
Mangó	70618	An Bhrasaíl	próclóras	7.61	5
Oráiste	70183	An Spáinn	Cairbeandaisim	0.14	0.1*
Oráiste	70864	An Afraic Theas	Captan	0.08	0.02*
Meacan Bán	70071	Éire	Clóirfeinveanfós	0.66	0.5
Páiseog	70718	An Chéinia	Déchófol	0.11	0.02*
			Eitíain	0.05	0.01*
Piorra	70332	An Afraic Theas	Meitimil	0.43	0.05*
Piorra	70372	An Bheilg	tiofanáit-meitile	0.84	0.5
Piorra	70304	Iosrael	Meitimil	0.14	0.05*
Satsúma	70510	An Afraic Theas	Défheiniolaimín	0.12	0.05*
Sú Talún	70471	Éire	Pimeitreasín	0.47	0.02*
Sú Talún	70691	Na Stáit Aontaithe	Meitimil	0.07	0.05*
Tábla Fíonchaora	70153	An Afraic Theas	Démheitiáit	0.03	0.02*
			óimeatóait	0.04	0.02*
Tornapa	70936	Éire	Clóraipireafós	0.07	0.05*

I gcás 21 de na 33 gnáthshampla seo ba MRL atá socraithe ag an tairseach deimhniúcháin (LOD) a sáraíodh. B'as Éirinn ó thús dhá shampla acu sin, b'as tíortha eile de chuid an AE 10 gcinn agus b'as tíortha taobh amuigh den AE an fuilleach. Ba de bharr úsáide neamhúdaraithe as táirge cosanta plandaí a tharla an sárú MRL i gcás an dá shampla as Éirinn. Socraítear MRL ag an tairseach deimhniúcháin (LOD) go minic i gcás lotnaidicídí nach n-údaráítear a n-úsáid taobh istigh den AE ach a dtarlódh údarú dá n-úsáid taobh amuigh den EU. Mar gheall ar an neamhúsáid as an lotnaidicíd sin taobh istigh den AE a shocraítear an teorainn sin.

Bhain 9 gcás den 11 cás i rith na bliana 2007 ar tharla sárú MRL i gcás bhia-earraí a importáladh as tíortha taobh amuigh den AE le cásanna ina bhfuil MRL an AE socraithe ar aon leibhéal leis an LOD. Maidir leis an dá shampla eile ón taobh amuigh den AE, tá MRL CODEX níos airde socraithe i ndáil le hiarmhair próclóraise sa mhangó agus le hiarmhair cairbeandaisime in úlla. I gcás an tsampla mangó, sáraíodh leibhéal an AE agus leibhéal Codex leis an iarmhair.

Is iondúil gur mar gheall ar theip na dtáirgeoirí déanamh de réir na dtreoracha ar an lipéad maidir le táirge údaraithe d'fhonn cosaint do phlandaí a tharlaíonn sárú MRL i ndáil le torthaí agus glasraí. B'amhlaidh an cás maidir le táirgí de chuid na hÉireann i ndáil le deiltimeitricín ar eindíbh, própísimíd ar leitís agus clóirfeinveanfos ar chairéad. Ba mar gheall ar úsáid neamhúdaraithe as táirge ina raibh clóraipireafos ar thurnapa agus as táirge ina raibh pimeitreasín ar shú talún na cásanna sáraithe eile i ndáil le táirgí Éireannacha. Aon táirgeoir Éireannach a raibh táirgí dá chuid ar an margadh agus an MRL á shárú leis, rinne cigirí de chuid an PCS in DAFF imscrúdú oifigiúil ina leith d'fhonn an chúis le sárú an MRL a dheimhniú. Beidh spriocshampláil shainiúil i gceist maidir leis na táirgeoirí sin i rith na bliana 2008.

Íslíodh leibhéal MRL an AE i ndáil le roinnt lotnaidicídí i rith na bliana 2007, mar shampla cairbeandaisim, tiofanáit-meitile, carbairil, feinitreatan agus eitiain. Is dócha gur mar gheall ar athruithe den chineál sin le gairid roinnt éigin den sárú MRL i gcás samplaí a tháinig as tíortha de chuid an AE, gur toradh iad ar thréimhse gearr ama ag na táirgeoirí i leith an athraithe. Is dócha gur úsáid mhícheart tar éis na bainte ba chúis le sárú i ndáil le tiaiibeindeasól ar mhandairíní ón gCipir.

Tugtar faoi deara gur socraíodh, le linn na bliana 2007, go raibh MRL de chuid CODEX (CXL) níos airde socraithe i ndáil le meitimil ar phiorraí agus ar phiobar agus le cairbeandaisim ar úlla ná MRL an AE ina leith. Bhí roinnt de na cásanna inar tharla sárú ar MRL an EU maidir leis na lotnaidicídí/tráchtearraí sin nach raibh aon sárú ar theorainneacha CODEX ag baint leo. Níor cheart go dtiocfadh iomrall den chineál sin i gceist agus ba chóir go dtarlódh réiteach eatarthu in am tráth trí bheartaíocht na hEagraíochta Trádála Domhanda agus trí chomhoibriú leanúnach idir an AE agus grúpaí táirgeoirí ón tríú tír.


Sa chás go raibh iarmhair ar tháirge importáilte ar leibhéal is airde ná MRL, cuireadh in iúl do na húdaráis sa tír ónar tugadh an táirge agus don importálaí in Éirinn go raibh sárú MRL i gceist. Cuireadh in iúl dóibh freisin go ndéanfaí sainsonrú ar tháirgí breise ón bhfoinse céanna a dtiocfaí orthu ar an margadh in Éirinn d'fhonn a gcur faoi anailís speisialta agus, sa chás go mba ghá sin, go ndéanfaí bearta faoin reachtaíocht.

Nuair a dhéantar an gaol idir ADI agus leibhéal an iarmhair a fhaightear i ngnáthshamplaí, lena sáraítear MRL (Tábla 17 agus Tábla 18), a thabhairt faoi mheasúnú, faightear léargas ar an mbaol a bhaineann don tomhaltóir in Éirinn, idir dhaoine fásta agus leanaí, le hiarmhair den sórt sin a thógáil isteach lena chuid bia. Is ar shuirbhé IUNA ar aiste bia an duine fásta in Éirinn 1996-1998 agus ar shuirbhé an IUNA maidir le haiste bia leanaí na hÉireann 2003-2005 a bhunaítear na figiúirí maidir le hionghabháil ar thráchtearraí faoi leith. Rinneadh an measúnú maidir le lotnaidicídí a bheadh tocsaineach go hainsealach a ionghabháil san aiste bia trí meánsónraí ídithe á n-úsáid agus rinneadh an measúnú maidir le lotnaidicídí a bheadh tocsaineach go géar a ionghabháil san aiste bia trí ionghabháil an 97.5^ú peircintíle á úsáid. Déantar an ríomh bunaithe ar mheastachán caol cinntitheach nó ar mheastachán an phointe, modh a nglactar leis go coitianta gur meastachán leatroime a bhíonn dá thoradh lena ndéantar áibhéil ar an mbaol atá ann dáiríre don tomhaltóir. Trí ríomh den chineál sin a oibriú ar fhigiúirí ionghabhála a roghnaítear ar an mbonn sin, tugtar san áireamh na figiúirí ionghabhála ar fad ar dhócha go dtiocfaidís i gceist, seachas an chuid sin ab fhoircneach, san áireamh agus an géarthionchar a bheadh ag na hiarmhair sin san aiste bia ar an tomhaltóir in Éirinn á thabhairt faoi mheas.

Tharla trí cinn de chásanna i rith na bliana 2007 ina raibh le tuiscint ón mbaol a mheas go sárófaí ceann nó ceann eile de na tairsigh tocsaineolaíochta dá nochtófaí an tomhaltóir don ábhar, féach Tábla 23 thíos.

- I gcás amháin, bhí iarmhair meitimile ar leibhéal 0.43 mg/kg i bpiorraí as an Afraic Theas. Bhí le tuiscint ón measúnú baoil go mb'ábhar buartha nach bhféadfaí glacadh leis a ionghabháil ag leanáí nuair a bhí sárú 450% ar an ARfD. Eisíodh fógra RASFF¹⁰ i leith an tsampla seo d'fhonn tuairisc ar an gcás a bheith ag na ballstáit eile. Le linn beart rialála breise ina dhiaidh sin, cuireadh trí shampla eile de phiorraí de chuid na hAfraice Theas ón soláthraí céanna faoi anailís. Níor tugadh faoi deara aon iarmhair eile meitimile. Nuair a thugtar chun airde go mbíonn factóir sábháilteachta 500 san áireamh maidir leis an measúnú a dhéantar i ndáil le tomhaltóir á ionghabháil, ní bheadh súil ar bith le mí-thiochar ó na piorraí sin ar shláinte thomhaltóir na hÉireann.
- Ní raibh aon bhaol don tomhaltóir in Éirinn i gcás an tsampla mangó lenar sáraíodh an ADI le 190% ó tharla go bhfanann níos mó ná 90% den iarmhair sin ar an gcráiceann agus nach gcaitear sin.
- I gcás na n-úll ón tSile a raibh iarmhair cairbeandaisime ar leibhéal 0.55 mg/kg ag baint leo, tuigeadh ón mheasúnú ionghabhála go raibh sárú 124% ar an ARfD do leanáí i gceist leis sin. Eisíodh fógra mear-rabhaidh (RASFF) mar atá dlite nuair a thugtar sárú den chineál sin faoi deara. Ní raibh aon úll den ualach ar bhain an iarmhair leis fágtha ar an margadh an tráth ar tugadh an sárú MRL faoi deara agus, dá bhrí sin, ba é an beart forfheidhmiúcháin a rinneadh spriocshampláil a dhéanamh ar úlla ón táirgeoir céanna sa tSile i rith na bliana 2008. Tarlaíonn arís, nuair a thugtar san áireamh an factóir sábháilteachta 500 a bhí in úsáid sa ríomh d'fhonn leibhéal an bhaol a mheas, nár measadh baol doghlactha do lucht caite na n-úll ón sárú áirithe sin.

Fíor 5: Minicíocht na locaidicídí agus foinsé na samplaí a sháirigh na MRLanna in 2007



Tábla 23: An Gaol idir sáruiithe MRL agus an ADI agus an ARfD do Leanaí agus do Dhaoine Fásta in Éirinn

Tráchtearra	Uimhir an tSampla	Sonraí Ídithe IUNA : daoine fásta/ Leanaí	TÍR BHUNAIDH	LOTNAIDICÍD	MRL AE mg/kg	Iarmhar Braite mg/kg	Meán-ídiú in Éirinn kg/bw/lá	ADI mg/kg/bw/lá	% de ADI	97.5 % caitheamh kg/bw/lá	ARfD mg/kg/bw/lá	% de ARfD
Úll	69997	Daoine fásta	An Iodáil	Próicimeadón	0.02*	0.22	0.00102	0.025	0.9%	0.0032	0.035	6.8%
		Leanaí	An Iodáil	Próicimeadón	0.02*	0.22	0.0048	0.025	4.2%	0.0092	0.035	25.1%
Leitís	70016	Daoine fásta	Éire	Próipisimid	1	2.32	0.0001	0.085	0.3%		NR	
		leanaí	Éire	Próipisimid	1	2.32	0.0005	0.085	1.4%		NR	
Úll	70040	daoine fásta	An Fhrainc	Cairbeandaisim	0.2	0.37	0.0011	0.02	2.0%	0.0032	0.02	20.0%
		leanaí	An Fhrainc	Cairbeandaisim	0.2	0.37	0.0048	0.02	2.0%	0.0092	0.02	74.0%
Meacan Bán	70071	daoine fásta	Éire	Clóirfeinveanfos	0.5	0.66	0.00022	0.001	14.5%	0.0008	0.01	26.4%
		leanaí	Éire	Clóirfeinveanfos	0.5	0.66	0.0007	0.001	46.2%	0.0019	0.01	62.7%
Soilire	70097	daoine fásta	An Spáinn	Thiophanate methyl	0.1*	0.3	0.00000017	0.08	0.0%	0.00001	0.2	0.0%
		leanaí	An Spáinn	Thiophanate methyl	0.1*	0.3	0.0008	0.08	0.3%	0.0019	0.2	1.4%
		daoine fásta	An Spáinn	Feinítriton	0.01*	0.05	0.00000017	0.005	0.0%	0.00001	0.04	0.0%
		leanaí	An Spáinn	Feinítriton	0.01*	0.05	0.0008	0.005	0.8%	0.0019	0.04	1.2%
Oráiste	70183	daoine fásta	An Spáinn	Cairbeandaisim	0.1*	0.14	0.0013	0.02	0.9%	0.0046	0.02	10.8%
		leanaí	An Spáinn	Cairbeandaisim	0.1*	0.14	0.0044	0.02	2.0%	0.0108	0.02	35.6%
Mandairín	70113	daoine fásta	An Chipir	Tiaiibeindeasól	5	6.33	0.00072	0.1	0.3%		NR	
		leanaí	An Chipir	Tiaiibeindeasól	5	6.33	0.0034	0.1	1.0%		NR	
		daoine fásta	An Chipir	Iomasailil	5	5.56	0.00072	0.03	0.13%		NR	
		leanaí	An Chipir	Iomasailil	5	5.56	0.0034	0.03	0.63%		NR	
Cleimintín	70152	daoine fásta	An Spáinn	Feinítriton	0.01*	0.03	0.0007	0.005	0.4%	0.0025	0.04	0.9%
		leanaí	An Spáinn	Feinítriton	0.01*	0.03	0.0034	0.005	2.0%	0.0097	0.04	3.6%
Tábla Fionchaora	70153	daoine fásta	An Afraic Theas	Démheitiáit+ Óimeatóait	0.02*	0.07	0.0003	0.0003	5.0%	0.0023	0.03	13.3%
		leanaí	An Afraic Theas	Démheitiáit+ Óimeatóait	0.02*	0.07	0.003	0.0003	44.5%	0.0121	0.0038	69.8%
Soilire	70196	daoine fásta	An Spáinn	Feinítriton	0.01*	0.05	0.00000017	0.005	0.0%	0.00001	0.04	0.0%
		leanaí	An Spáinn	Feinítriton	0.01*	0.05	0.0008	0.005	0.8%	0.0019	0.04	1.2%
Soilire	70252	daoine fásta	An Spáinn	Feinítriton	0.01*	0.05	0.00000017	0.005	0.0%	0.00001	0.04	0.0%
		leanaí	An Spáinn	Feinítriton	0.01*	0.05	0.0008	0.005	0.8%	0.0019	0.04	1.2%
Leitís	70219	daoine fásta	Éire	Oxydemeton methyl	0.05	0.17	0.00011	0.0003	6.2%	0.00044	0.002	18.7%
		leanaí	Éire	Oxydemeton methyl	0.05	0.17	0.0005	0.0003	28.3%	0.0016	0.002	68.0%
Brocaílí	70247	daoine fásta	Guatamala	Démheitiáit+ Óimeatóait	0.02*	0.07	0.00026	0.002	3.6%	0.1%	0.03	3.8%
		leanaí	Guatamala	Démheitiáit+	0.02*	0.07	0.0015	0.002	21.0%	0.0033	0.03	15.4%

Tráchtearra	Uimhir an tSampla	Sonraí Ídithe IUNA : daoine fásta/ Leanaí	TÍR BHUNAIDH	LOTNAIDICÍD	MRL AE mg/kg	Iarmhar Braite mg/kg	Meán-ídiú in Éirinn kg/bw/lá	ADI mg/kg/bw/lá	% de ADI	97.5 % caitheamh kg/bw/lá	ARFD mg/kg/bw/lá	% de ARFD
				Óimeatóáit								
Brocaílí	70275	daoine fásta	An Spáinn	Carbairil	0.05*	0.06	0.00026	0.007	0.2%	0.0008	0.03	0.8%
		leanaí	An Spáinn	Carbairil	0.05*	0.06	0.0015	0.007	1.3%	0.0033	0.03	3.3%
Piobar	70304	daoine fásta	Iosrael	Meitimil	0.05*	0.14	0.00136	0.0025	7.6%	0.00059	0.0025	16.5%
		leanaí	Iosrael	Meitimil	0.05*	0.14	0.0015	0.0025	8.4%	0.0055	0.0025	154.0%
Piorra	70332	daoine fásta	An Afraic Theas	Meitimil	0.05*	0.43	0.00067	0.0025	11.5%	0.0022	0.0025	168.6%
		leanaí	An Afraic Theas	Meitimil	0.05*	0.43	0.0038	0.0025	65.4%	0.0075	0.0025	452.4%
Soilire	70144	daoine fásta	An Spáinn	Feinítriton	0.01*	0.04	0.00013	0.005	0.1%	0.00078	0.04	0.2%
		leanaí	An Spáinn	Feinítriton	0.01*	0.04	0.0008	0.005	0.6%	0.0019	0.04	0.6%
Piorra	70372	daoine fásta	An Bheilg	tiofanáit-meitile	0.5	0.84	0.00067	0.08	0.7%	0.0022	0.2	4.1%
		leanaí	An Bheilg	Tiofanáit-meitile	0.5	0.84	0.0038	0.08	4.0%	0.0075	0.2	11.0%
Eindíbh	70437	daoine fásta	Éire	Deiltimetrín	0.5	0.57	0.00009	0.01	0.5%	0.00035	0.01	10.0%
		leanaí	Éire	Deiltimetrín	0.5	0.57	0.0005	0.01	2.9%	0.0016	0.01	45.6%
Sú Talún	70471	daoine fásta	Éire	Pimeitreasin	0.02*	0.47	0.0002	0.03	0.3%	0.0014	0.1	0.7%
		leanaí	Éire	Pimeitreasin	0.02*	0.47	0.0024	0.03	3.8%	0.0054	0.1	2.5%
Satsúma	70510	daoine fásta	An Afraic Theas	Défhéiniolaimín	0.05*	0.12	0.00057	0.03	0.2%		NR	
		leanaí	An Afraic Theas	Défhéiniolaimín	0.05*	0.12	0.0034	0.03	1.4%		NR	
Cairéad	70498	daoine fásta	An Spáinn	Eitiain	0.01*	0.04	0.0003	0.002	0.6%	0.001	0.002	10.0%
		leanaí	An Spáinn	Eitiain	0.01*	0.04	0.0018	0.002	3.6%	0.0049	0.002	49.0%
Úll	70583	daoine fásta	An Ríocht Aontaithe	Cairbeandaisim	0.2	2.26	0.000265	0.02	3.0%	0.00135	0.02	15.3%
		leanaí	An Ríocht Aontaithe (TÉ)	Cairbeandaisim	0.2	2.26	0.00093	0.02	2.0%	0.00365	0.02	41.2%
Mangó	70618	daoine fásta	An Bhrasáil	Próclóras	5	7.61	0.00026	0.01	19.8%		NR	
		leanaí	An Bhrasáil	Próclóras	5	7.61	0.0025	0.01	190.3%		NR	
Seadóg	70623	daoine fásta	An Afraic Theas	Captan	0.02*	0.13	0.00098	0.1	0.1%	0.0018	0.1	1.2%
		leanaí	An Afraic Theas	Captan	0.02*	0.13	0.0053	0.1	0.7%	0.0066	0.1	4.3%
Úll	70649	daoine fásta	An Ríocht Aontaithe	Cairbeandaisim	0.2	0.45	0.00026	0.02	0.6%	0.00135	0.02	3.0%
		leanaí	An Ríocht Aontaithe (TÉ)	Cairbeandaisim	0.2	0.45	0.00093	0.02	2.0%	0.00365	0.02	8.2%

Tráchtearra	Uimhir an tSampla	Sonraí Ídithe IUNA : daoine fásta/ Leanaí	TÍR BHUNAI DH	LOTNAIDICÍD	MRL AE mg/kg	Iarmhar Braite mg/kg	Meán-ídiú in Éirinn kg/bw/lá	ADI mg/kg/bw/lá	% de ADI	97.5 % caitheamh kg/bw/lá	ARFD mg/kg/bw/lá	% de ARFD
Páiseog	70718	daoine fásta	An Chéinia	Déchófol	0.02*	0.11	0.0002	0.002	1.1%		NR	
		leanaí	An Chéinia	Déchófol	0.02*	0.11	0.0002	0.002	1.1%		NR	
		daoine fásta	An Chéinia	Eitiain	0.01*	0.05	0.0002	0.002	0.5%	0.0002	0.002	0.5%
		leanaí	An Chéinia	Eitiain	0.01*	0.05	0.0011	0.002	2.8%	0.0011	0.002	2.8%
Sú Talún	70691	daoine fásta	Na Stáit Aontaithe	Meitimil	0,05*	0.07	0.0002	0.0025	0.6%	0.0014	0.0025	3.9%
		leanaí	Na Stáit Aontaithe	Meitimil	0,05*	0.07	0.0024	0.0025	6.7%	0.0054	0.0025	15.1%
Úll	70682	daoine fásta	An Ríocht Aontaithe	Cairbeandaisim	0.2	0.57	0.00026	0.02	0.7%	0.00135	0.02	3.8%
		leanaí	An Ríocht Aontaithe	Cairbeandaisim	0.2	0.57	0.00093	0.02	2.0%	0.00365	0.02	10.4%
Úll	70731	daoine fásta	An Fhrainc	Feinítriton	0.01*	0.03	0.00071	0.005	0.4%	0.0025	0.04	0.9%
		leanaí	An Fhrainc	Feinítriton	0.01*	0.03	0.0068	0.005	4.1%	0.009	0.04	7.1%
Úll	70794	daoine fásta	An tSile	Cairbeandaisim	0.2	0.55	0.00071	0.02	2.0%	0.0025	0.02	34.4%
		leanaí	An tSile	Cairbeandaisim	0.2	0.55	0.0068	0.02	18.7%	0.019	0.02	123.8%
Oráiste	70864	daoine fásta	An Afraic Theas	Captan	0.02*	0.08	0.0013	0.02	0.005%	0.5%	0.1	1.2%
		leanaí	An Afraic Theas	Captan	0.02*	0.08	0.0044	0.1	0.02	1.1%	0.1	4.1%
Tornapa	70936	daoine fásta	Éire	Clóraipireafos	0.05*	0.07	0.0022	0.01	1.5%	0.00065	0.1	0.2%
		leanaí	Éire	Clóraipireafos	0.05*	0.07	0.002	0.01	2.0%	0.0057	0.1	2.0%
Spionáiste	70639	daoine fásta	Éire	Chlorothalonil	0.01*	0.07	0.000125	0.015	0.1%	0.00052	0.6	0.4%
		leanaí	Éire	Chlorothalonil	0.01*	0.07	0.0005	0.015	0.2%	0.0016	0.6	1.3%

- MRL ag an tairseach deimhniúcháin
Démheitiáit suim Démheitiáit agus Óimeatóáit

I gcás tomhaltóirí a nochtófaí d'iarmhair lotnaidicídí a bheadh tocsaíneach go géar, ní bheadh baol ann don tsláinte ach amháin sa chás go sárófaí an ADI gach lá go ceann tréimhse ama fada leis an ionghabháil aiste bia. Mar sin féin, de bharr go dtarlaíonn mí-úsáid agus go mbraitear i gcónaí leibhéal iarmhair os cionn an MRL, is léir gur gá leanacht den chlár monatóireachta agus imscrúdaithe maidir le sárú agus treisiú leis. Éilíonn DAFF ar úsáideoirí oibriú de réir Dea-Chleachtais Talmhaíochta agus táirgí cosanta plandaí á n-úsáid acu, d'fhonn cinntiú nach mbíonn iarmhair lotnaidicídí ar leibhéal doghlactha ar fáil i dtáirgí bia.

Is léir ó mheastóireacht ar na sonraí monatóireachta go bhfuil na sonraí maidir le hiarmhair i rith na bliana 2006 inchomparáide leis na sonraí i rith na mblianta roimhe sin. Tháinig ardú ar an líon samplaí torthaí agus glasraí nach raibh aon iarmhair lotnaidicíde inbhraite iontu ó 43% sa bhliain 2005 go dtí 48.2% sa bhliain 2006 ach d'ísligh sin arís go dtí 40% sa bhliain 2005. Má chuirtear an bhliain 2006 as an áireamh, tá an pátrún ginearálta maidir lena mhinice a bhraitear iarmhair ag teacht leis an acmhainn breise anailíse sa saotharlann a d'fhág gur cuireadh 292 sampla faoi anailís maidir le lotnaidicíd i rith na bliana 2007, nuair is 153 sampla a cuireadh faoi anailís i rith na bliana 2006 agus 148 sampla i rith na bliana 2005. Is díol suime go luaitear i dtuarascáil bhliantúil na bliana 2006 ó Choimisiún an AE maidir le Monatóireacht faoi Lotnaidicíd i dtáirgí de bhunadh plandaí go raibh 51% de na samplaí nach raibh aon iarmhair le brath orthu, gar go maith don chéatadán maidir le hobair an DAFF i rith na bliana 2006.

B'ionann agus 376 líon na ngnáthshamplaí bia de bhunadh ainmhí a cuireadh faoi anailís sa bhliain 2005, 367 sa bhliain 2006 agus 395 sa bhliain 2007. Bhí líon agus réimse na lotnaidicídí ar thángthas orthu i mbia de bhunadh ainmhí i rith na bliana 2007, 6.3% de na samplaí, ag teacht le leibhéal na mblianta roimhe sin. Níor braithheadh sárú ar bith MRL i mbia de bhunadh ainmhí i rith na bliana 2007 i gcomparáid leis an mbliain 2006 nuair a braithheadh sárú MRL faoi dhó, uair amháin i ndáil le saill caoireola agus an uair eile i ndáil le saill muiceola.

Maidir leis na samplaí de bhia gránaigh a cuireadh faoi anailís, bhí laghdú i rith na bliana 2007 ar líon na samplaí ar tharla iarmhair lotnaidicíde ag baint leo, 29% i gcomparáid le 38% sa bhliain 2006, ach is méadú mór i gcónaí é i gcomparáid leis an mbliain 2005 nuair ba 17% de na samplaí d'ábhar gránaigh ar tharla iarmhair lotnaidicídí iontu. Bhain an ráta ardaithe sa bhliain 2006 le heachtra millte amháin den chuid is mó agus is é cúis is mó atá leis an bpátrún ón mbliain 2005 go dtí an bhliain 2007 go bhfuil anailís á chur ar na samplaí i ndáil le líon níos airde iarmhair lotnaidicídí. Bhí iarmhair lotnaidicíde inbhraite i naoi gcinn (15%) de na 61 sampla gránaigh intire i rith na bliana 2007 agus in 20 (51%) den na samplaí gránaigh thar tír isteach. Pirimifos meitile, a úsáidtear tar éis an barr a bhaint, an lotnaidicíd ba choitianta a raibh iarmhair de ar fáil.

Bhí an pátrún maidir le hiarmhair lotnaidicíde i dtorthaí agus i nglasraí i rith na bliana 2007 cosúil go maith le pátrún na bliana 2006 agus na mblianta roimhe sin nuair a thugtar san áireamh go bhfuil anailís á dhéanamh ar na samplaí sa saotharlann anois maidir le hiarmhair líon níos mó lotnaidicídí.

Cuireadh 68 cineál éagsúil torthaí agus glasraí faoi anailís i rith na bliana 2007 i gcomórtas le 76 cineál sa bhliain 2006 agus 71 cineál sa bhliain 2005.

Bhí ardú suntasach ar líon na n-iarmhair lotnaidicíde a dtángthas orthu sna samplaí a cuireadh faoi anailís i rith na bliana 2007 nuair a aimsíodh 104 (46% de na lotnaidicídí a rabhthas á lorg) comhdhúil éagsúil i gcomparáid le 73 comhdhúil sa bhliain 2006 agus 75 comhdhúil sa bhliain 2005.

Bhí an céatadán den ábhar importáilte a ndearnadh a sampláil air agus a ndearnadh a chur faoi anailís i rith na bliana 2007, 80.4%, an-ghar don chéatadán i rith na bliana 2006, 81.5%, agus níos airde ná an céatadán a cuireadh faoi anailís sa bhliain 2005, 77%.

Bhí an céatadán de na samplaí torthaí agus glasraí a bhfuarthas iarmhair lotnaidicíde iontu ar leibhéal ab airde ná an MRL i rith na bliana 2007, 3.6%, níos airde na céatadán na bliana 2006, 2.9%, ach níos ísle ná an céatadán sa bhliain 2005, 5.1%. Ina dhiaidh sin féin, tá sé ag teacht go maith leis an gcéatadán sa bhliain 2004 agus sa bhliain 2003, 3.5% agus 3.6% faoi seach. Tá an ráta sáraithe sin inchomparáide leis an ráta i dtíortha eile de chuid an AE.

Tá an pátrún minicíochta maidir le lotnaidicídí faoi leith ar thángthas ar iarmhair díobh i dtorthaí agus i nglasraí i rith na bliana 2007 ag luí go maith leis an bpátrún a bhain le gach bliain de na blianta ó 2003 go dtí 2006 sa mhéid agus go bhfuiltear ag teacht i gcónaí ar na lotnaidicídí sin is minice a bhraitear, tiaibeindeasól, ipróidé-ón, clóraipireafos, défheiniolaimín (a tugadh isteach sa bhliain 2005) agus captan. Is díol suntais i ndáil le cairbeandaisim go raibh ráta minicíochta 7% i gceist lena bhrath, ardú ó 3.9% sa bhliain 2006 tar éis íslíú ó 10.4% sa bhliain 2005. Tá athrú ar phátrúin úsáide i ndáil le Cairbeandaisim le sonrú uaidh sin, de réir na n-athruithe a cuireadh ar an reachtaíocht. Tá ráta braite ard, 16.2%, i gceist le iomasailil a tugadh faoi scáth na hanailíse den chéad uair sa bhliain 2006, agus is i ndáil le torthaí citris, a n-úsáidtear orthu é tar éis a mbainte, is mó a fhaightear iarmhair.

Rinneadh anailís ar 49 sampla de thorthaí agus glasraí a fásadh go horgánach in 2006. Níor aimsíodh aon lotnaidicídí i 41 de na samplaí sin ach braithheadh rianiamhair lotnaidicíde ag an teorainn chinntiúcháin nó os cionn na teorann in ocht gcinn (16.3%), trí chinn ón Spáinn, trí chinn ón Iodáil agus ceann amháin ón tSile agus ó Uragua. Is dearbhú iad na torthaí ar an eolas a fuarthas in 2005, a léirigh go raibh rianiamhair lotnaidicídí i gcéatadán beag de na torthaí agus glasraí orgánacha a ndearnadh anailís orthu cé nach raibh aon lotnaidicídí sa chuid is mó acu. Léiríonn na torthaí méadú, nuair a chuirtear i gcomparáid iad le torthaí 2005, i leibhéal braite na n-iamhair lotnaidicíde ó 7.5% de na samplaí in 2005 go dtí 16.3% de na samplaí in 2006. Cuireann na hiarmhair lotnaidicíde sin in iúl gur úsáideadh táirgí cosanta planda go luath i gcúrsa fáis na mbarraí sin nó gur éillíodh na samplaí ar mhodh éigin le lotnaidicídí le linn láimhseála tar éis bainte. Ní bhaineann aon riosca ar aon nós leis na hiarmhair a braithheadh do thomhaltóirí na dtorthaí agus na nglasraí orgánacha sin cé go spreagann sé ceisteanna faoi na córais táirgeachta a úsáideadh. Tugtar mionsonraí thorthaí na samplaí orgánacha a ndearnadh anailís orthu i dTáblaí 10 agus 11.

Cuireadh 45 sampla de thorthaí agus de ghlásraí ó shaothrú orgánach faoi anailís mar chuid den chlár oibre monatóireachta i rith na bliana 2007. Aimsíodh iarmhair lotnaidicíde ar leibhéal inbhraite i gcás ceithre cinn de na samplaí sin. Is ionann an ráta braite sin, 9%, maidir le hiarmhair lotnaidicíde a bhrath agus íslíú i ndáil leis na figiúirí inchomparáide don bhliain 2006, 16.3%, ach b'ardú sin i gcomparáid leis na blianta roimhe nuair ab ionann an céatadán agus 7.5% sa bhliain 2005 agus 9% sa bhliain 2004. Cuireadh sonraí faoi shamplaí a bhfuarthas iarmhair orthu ar aghaidh chuig an Aonad Orgánach in DAFF, ar a leagtar an cúram maidir le táirgíocht orgánach, ionas go ndéanfaí na bearta cuí. B'as tíortha taobh amuigh den AE 50% den ábhar orgánach a ndearnadh sampláil ina leith. Níor tháinig sábháilteacht an tomhaltóra i gceist leis na hiarmhair seo ós ar leibhéal an-íseal a bhí siad ar fáil.

Cuireadh 95 sampla de bhiatháirgí próiseáilte faoi anailís maidir le hiarmhair lotnaidicíde i rith na bliana 2007, ba torthaí nó glasraí próiseáilte a bhí i gceist le 88 sampla acu agus ábhar gránaigh le 7 gcinn de shamplaí. Bhí iarmhair ar fáil i gcás 12 sampla próiseáilte (12.6%), líon ab ionann agus minicíocht níos airde ná an 7% de na samplaí a cuireadh faoi anailís sa bhliain 2006, cé gur ísle é ná an 14% de na samplaí a raibh iarmhair ag dul leo i rith na bliana 2005.

Tá scóp an chláir monatóireachta maidir le lotnaidicídí fairsingithe go mór gur tugadh 292 cineál faoina scáth sa bhliain 2007 nuair ba 153 cineál éagsúil lotnaidicíde nó meitibilít a bhí san áireamh sa bhliain 2006. 148 a ndearnadh anailís ina leith sa bhliain 2005, 118 sa bhliain 2004 agus 89 a deimhníodh a bheith sna samplaí sa bhliain 2003.

Eisíodh dhá fhógra RASFF ó Aonad Mear-Rabhaidh an FSAI bunaithe ar mheasúnú baoil deimhnitheach lenar bhain sárú ar cheannphointe ARfD. Ní bheadh súil le haon mhíthionchar ó thaobh sláinte i gceachtar den dá chás.

Beidh béim ag an PCS san am atá amach romhainn ar chur arís le hacmhainn na saotharlainne líon níos mó iarmhair lotnaidicídí, atá ag dul i líonmhaire i gcónaí, a thabhairt faoi deara i samplaí bia.

Leanfaidh PCS an DAFF agus an FSAI den chaidreamh leanúnach, mar chuid den chonradh seirbhíse idir an dá eagraíocht, d'fhonn an feabhas is fearr a chur ar an gclár monatóireachta bliantúil i ndáil le hiarmhair lotnaidicíde in ábhar bia agus measúnú ar an mbaol a bheadh in iarmhair dá leithéid don tomhaltóir. Leanfar den aird ar thuairim an Choimisiúin Eorpaigh i ndáil leis an réimse barraí agus lotnaidicídí le tabhairt faoi scáth an chláir.

C CLÁR IMSCRÚDAITHE SÁRUITHE

Is í an tsampláil shaindirithe maidir le táirgí a bhfaightear ina leith gur tharla sárú ar MRLanna seanbhunaithe an príomhbhealach lena chinneadh ar tharla an sárú de bharr mí-úsáid de réir córais as lotnaidicídí nó an imeachtaí aon uaire iad. Is follasach nach bhféadfaí glacadh le cásanna ina mbeadh leibhéil iarmhair ró-ard ag baint arís agus arís eile le tráchtearraí bia de chineál faoi leith, rud a d'fhágfadh sábháilteacht an tomhaltóra i mbaol. Tá an clár imscrúdúcháin i gcás sáraithe dírithe ar dheireadh a chur le mí-úsáid den sórt sin. Tá an clár leagtha amach lena chinntiú, i gcás sárú MRLanna, nach dtarlaíonn siad arís.

